

TUAIRIM 10/2026

(de bhun Airteagal 322(1), CFAE)

GA

**i dtaca leis an togra le
haghaidh Rialachán ó
Pharlaimint na hEorpa
agus ón gComhairle lena
mbunaítear creat
rianaithe caiteachais agus
feidhmíochta an bhuiséid
agus rialacha
cothrománacha eile do
chláir agus
gníomhaíochtaí de chuid
an Aontais**

COM (2025) 545 final



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA



Buiséad AE
2028-2034

Clár

Alt

01-03 | Réamhrá

01-03 | An fáth a gcuirimid an tuairim seo ar fáil

01 | Bunús dlí

02-03 | Comhthéacs

04-35 | Príomhtheachtaireachtaí

05-07 | Breisluach an Aontais

08-11 | Nósanna imeachta a shimpliú

12-24 | Creat feidhmíochta

25-27 | Cuspóirí caiteachais a ailíniú le tosaíochtaí beartais uile-Aontais

28-34 | Comhlíonadh, trédhearcacht, cuntasacht agus inrianaitheacht na gcistí a chaitear

35 | Dáta foilsithe na tuarascála bliantúla ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht

36-57 | Tráchtanna sonracha

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – Liosta d'fhoilseacháin CIE dá ndéantar tagairt sa tuairim seo

Iarscríbhinn II – Athruithe molta mar aon le barúlacha

Giorrúcháin

Gluais

Réamhrá

An fáth a gcuirimid an tuairim seo ar fáil

Bunús dlí

- 01** An 16 Iúil 2025, tá sé sin clúdaithe sa togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán lena mbunaítear creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid agus rialacha cothrománacha eile le haghaidh chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais¹ (an ‘togra’). Ciallaíonn bunús dlí an togra ón gCoimisiún go bhfuil comhairliúchán le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa éigeantach². D’iarr Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh tuairim a thabhairt (an 6 Samhain 2025 agus 19 Meán Fómhair 2025 faoi seach). Comhlíonann an doiciméad seo an ceanglas comhairliúcháin. Cuirimid an tuairim seo ar fáil chun tacú leis an bpróiseas reachtach a bhaineann le dearadh, cur chun feidhme agus rioscaí féideartha na rialacha cothrománach atá beartaithe. In [Iarscríbhinn I](#), tá liosta de na foilseacháin ón gCúirt Iniúchóirí a bhfuil tagairt déanta dóibh sa tuairim seo.

¹ COM(2025) 545

² An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, Airteagal 322(1).

Comhthéacs

02 Tugann an togra na forálacha feidhmíochta le chéile a fhaightear faoi láthair sna rialacha do níos mó ná 50 chlár atá ar fáil do thréimhse 2021-2027. De réir ráiteas míniúcháin an Choimisiúin, cheap an Coimisiún an togra seo chun ceanglais an [Rialacháin Airgeadais](#)³ a ndearnadh athbhreithniú air le déanaí a chomhlíonadh, go háirithe maidir le trédhearcacht agus cuntasacht, agus chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- na forálacha a dhéanamh comhsheasmhach chun tacú le prionsabail chothrománacha ar fud bhuiséad an Aontais (e.g. an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ agus comhionannas inscne);
- an córas chun faireachán a dhéanamh ar chaiteachas an Aontais agus ar fheidhmíocht an bhuiséid a shruthlíniú agus a chomhchuibhiú;
- tuairisciú faisnéise feidhmíochta agus faisnéise faoi dheiseanna cistithe a chomhchuibhiú agus a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos trédhearcaí.

03 Molann an Coimisiún líon na gclár cistithe a laghdú ó 52 go 16⁴ agus líon na dtáscairí a laghdú ó níos mó ná 5 000⁵ go dtí thart ar 900. Tá na táscairí atá le húsáid chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na gclár nasctha le sraith aonair réimsí idirghabhála agus liostaítear iad in [Iarscríbhinn I](#) a ghabhann leis an togra. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus i gcomhaontú leis an gCoimisiún, is féidir leis na Ballstáit táscairí breise a úsáid.

³ Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú), Airteagal 33, 34, 38 agus 253.

⁴ Bileog eolais maidir le hachóimre MFF: Buiséad uailmhianach le haghaidh Eoraip níos láidre 2028-2034, sleamhnán 2.

⁵ Tuarascáil ar an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra reachtach dár dtugaimid an tuairim seo, ceannteideal, ‘8.1 Rogha beartais tosaíochta’, lch. 42.

Príomhtheachtaireachtaí

- 04** Tá roinnt príomhtheachtaireachtaí sainaitheanta againn. Tá siad sin liostaithe anseo thíos i **mBosca 1** agus déantar iad a fhorbairt tuilleadh sna foranna ina dhiaidh sin.

Bosca 1

Sracfhéachaint ar na príomhtheachtaireachtaí

- Cruthaítear leis an rialachán feidhmíochta atá beartaithe, dálaí chun feabhas a chur ar phróisis chun tuairisciú feidhmíochta a dhéanamh agus chun tosaíochtaí beartais cothrománacha an Aontais a chomhtháthú. Mar sin féin, léirítear inár n-anailís roinnt laigí dearaidh amhail an méid seo a leanas: réimsí idirghabhála atá sainithe go leathan agus a fhorluíonn ar a chéile uaireanta; táscairí aschuir a léiríonn céimeanna nós imeachta i gcásanna áirithe (e.g. reachtaíocht a ghlacadh, straitéisí a fhorghabháil, struchtúir riaracháin a bhunú) seachas aschuir atá sainithe go soiléir; comhghaolú in easnamh idir réimsí idirghabhála agus cuspóirí beartais; agus modheolaíochtaí nach bhfuil sonraithe go leordhóthanach chun bonnlínte agus spriocanna a shocrú. Trí úsáid a bhaint as sraith aontaithe rialacha le táscairí agus comhéifeachtaí an Aontais atá nasctha le sraith aonair réimsí idirghabhála, d'fhéadfaí rannchuidiú leis an ualach riaracháin a laghdú. Ar an iomlán, d'fhéadfaí simpliú a bhaint amach go príomha idir an Coimisiún agus na Ballstáit, agus d'fhéadfadh sé nach n-athrófaí an t-ualach riaracháin ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal na dtairbhíthe nó go dtiocfadh méadú air fiú.
- Ní áirítear táscairí tionchair sa togra, cé go luaitear go soiléir iad sna treoirlínte maidir le rialáil níos fearr. Fágfaidh sé sin go mbeidh sé casta meastóireachtaí a dhéanamh ina dhiaidh sin. Thairis sin, shainaithníomar laigí i roinnt táscairí agus níl táscairí toraidh san áireamh i thart ar 25 % de na réimsí idirghabhála atá beartaithe. Dá bhrí sin, tá an baol ann go dtomhaisfear dul chun cinn sa chur

chun feidhme leis an gcreat feidhmíochta atá beartaithe seachas cé acu a baineadh nó nár baineadh cuspóirí an Aontais amach.

- Sainítear go lárnach sa togra comhéifeachtaí an Aontais le haghaidh na réimsí idirghabhála uile atá le cur i bhfeidhm agus na ranníocaíochtaí caiteachais le tosaíochtaí cothrománacha comhshaoil agus sóisialta á ríomh. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil ranníocaíochtaí na gclár bunaithe ar mheastacháin amháin agus ní ar chaiteachas iarbhir agus nach bhfuil roinnt luachanna comhéifeachta de chuid an Aontais atá beartaithe ceart, dar linn, tá baol ann go ndéanfar rómheastachán ar rannchuidiú an Aontais le tosaíochtaí cothrománacha.
- Ní sholáthraíonn an creat atá beartaithe, arna léamh in éineacht le tograí earnála an Choimisiúin le haghaidh cláir chistiúcháin nasc soiléir idir cistiú agus torthaí. Ina theannta sin, ní áirítear sa togra forálacha maidir le faisnéis a bhailiú maidir le caiteachas poiblí le haghaidh idirghabhálacha a fhaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais, cé go bhfuil sé tábhachtach measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus ar bharainneacht.
- Is é is aidhm don togra ná an tuairisciú bliantúil ar fheidhmíocht a shruthlíniú trí thuarascáil feidhmíochta aonair, ach ní leagtar amach ann a inneachar ar bhealach mionsonraithe. Feicimid freisin go bhfuil baol ann nach ndéanfar an fhaisnéis ábhartha uile atá ar fáil faoi láthair faoi na tuarascálacha earnála a chumhdach faoin tuarascáil feidhmíochta aonair.
- Cuireann an togra deireadh le coincheap na bpríomhtháscairí feidhmíochta. Mar thoradh air sin, níl aon táscairí réamhchinntithe ann a mbeadh ar na Ballstáit uile tuairisciú ina leith. D'fhéadfadh sé sin comhiomlánú na faisnéise feidhmíochta a dhéanamh níos casta toisc gur féidir táscairí éagsúla a úsáid chun feidhmíocht a thaifeadadh don chineál céanna gníomhaíochta.
- Níl creat rialaithe agus cuntasachta atá soiléir go leor sa togra maidir le hiontaofacht na faisnéise feidhmíochta tuairiscithe. Mar shampla, faoin gcóras atá beartaithe, ní dhéanfaidh an Coimisiún seiceálacha éigeantacha ar rialtacht (garspriocanna agus spriocanna) roimh íocaíocht, i gcodarsnacht leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Ba cheart don Choimisiún modheolachtaí a bhunú maidir le spriocanna, garspriocanna agus bonnlínte a shocrú chun luach ar airgead ó chistiú ón Aontas agus leibhéal comhsheasmhach uailmhéine i measc na mBallstát a áirithiú.
- Inár gcuid oibre ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, leagamar béim arís agus arís eile ar na ceachtanna atá le foghlaim chun feabhas a chur ar threoshuíomh feidhmíochta, ar chuntasacht agus ar thrédhearcacht in ionstraimí feidhmíocht-bhunaithe amach anseo. Ar an iomlán, tugaimid faoi deara nach dtugtar aghaidh ar shaincheistanna ábhartha fós, agus is é an ceann is suntasaí an gá atá le díriú ar thorthaí seachas ar aschuir.

Breisluch an Aontais

- 05** Chuireamar i bhfios⁶ go láidir san obair a rinneamar le déanaí gur gá breisluch AE a shainiú go soiléir sa reachtaíocht agus an coincheap a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go córasach agus cistí AE á leithdháileadh ar chlár agus ar thionscnaimh, agus a áirithiú go ndéanfar meastóireacht *ex post* ar bhreisluch AE.
- 06** Ceanglaítear leis an Rialachán Airgeadais⁷ go ndéanfaidh meastóireachtaí siarghabhálacha measúnú ar fheidhmíocht, lena n-áirítear gnéithe amhail breisluch AE. Déantar cur síos sa ráiteas reachtach airgeadais agus digiteach⁸ a ghabhann leis an togra ar an gcoincheap ‘breisluch a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais’ (mar an luach a eascraíonn as gníomhaíocht an Aontais atá sa bhreis ar an luach a bheadh cruthaithe ag na Ballstáit amháin). Cé go bhfuil sé sin ag teacht leis an mbrí a thugtar do choincheap den sórt sin sna [treoirínte ón gCoimisiún maidir le rialáil níos fearr](#) nach bhfuil ceangailteach ó thaobh dlí, ní shainítear breisluch AE go dlíthiúil sa togra. Dá bhrí sin, tá baol ann go ndéanfar breisluch AE a léirmhíniú ar bhealach éagsúil ar fud na n-idirghabhálacha, rud a fhágfaidh go ndéanfar measúnuithe breisluacha AE nach bhfuil inchomparáide ar fud clár éagsúla. Ina theannta sin, ní shainíthnítear sa togra na híosccheanglais sonraí is gá chun measúnuithe breisluacha AE a chumasú.
- 07** Ceanglaíonn an togra⁹ go sonrach ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar bhreisluch AE agus meastóireachtaí á ndéanamh aige; foráiltear leis¹⁰ go bhféadfaidh na Ballstáit breisluch AE a chumhdach ina meastóireachtaí ach ní leagtar síos mar oibleagáid é. Measaimid nach gcuireann an creat atá beartaithe bonn fóna ar fáil chun measúnuithe córasacha agus comhsheasmhacha ar bhreisluch AE a áirithiú.

Nósanna imeachta a shimpliú

- 08** Trí úsáid a bhaint as creat feidhmíochta aontaithe, ba cheart don togra an t-ualach riaracháin a bhaineann le tuairisciú feidhmíochta a laghdú. Beidh a mhéid a bhainfidh an creat atá beartaithe a chuspóir simpliúcháin amach ag brath ar an laghdú iarbhir ar an ualach riaracháin do na Ballstáit faoi dheoidh, do na réigiúin agus do na tairbhithe. Ina

⁶ [Athbhreithniú 03/2025](#): Deiseanna don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2027.

⁷ Airteagal 34(3).

⁸ Pointe 1.5.2, ‘Breisluch a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais’.

⁹ Airteagal 10.

¹⁰ Airteagal 11.

theannta sin, trí thuarascálacha cur chun feidhme a chur in ionad na meastóireachtaí meántéarma ar chlár an Aontais atá beartaithe¹¹, ba cheart go rannchuideofaí a thuilleadh leis an ualach riaracháin a laghdú ós rud é, in ionad meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht, gurb é an dul chun cinn atá déanta i dtreo cuspóirí a bhaint amach¹² a ndéanfar measúnú orthu. Mar sin féin, ós rud é nach dtugtar isteach leis an togra ceanglais maidir le hábhair na dtuarascálacha meántéarma sin ar chur chun feidhme, tá baol ann go ndéanfar tuairisciú neamhchaighdeánaithe, agus nach mbeidh dóthain meastóireachtaí foirmiúla ar fáil nuair a bheidh ar an gCoimisiún CAI iar-2034 a mholadh. Thugamar ar aire freisin go raibh neamhréireachtaí áirithe sna príomhshainmhínithe idir an togra seo agus an Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach atá beartaithe, amhail cad is oibríocht, beart nó faighteoir deiridh ann (féach freisin míreanna 36-38 agus 52).

09 Déanfar tuairisciú ar ranníocaíocht bhuiséad an Aontais le tosaíochtaí cothrománacha roghnaithe a shruthlíniú, ós rud é go sonraítear na ceanglais in aon rialachán amháin, agus socrófar comhéifeachtaí do gach réimse idirghabhála. Tá an togra ón gCoimisiún ag teacht le ceanglais an Rialacháin Airgeadais maidir le tosaíochtaí cothrománacha. Thuairiscíomar roimhe seo¹³ go raibh an méid a tugadh isteach tosaíochtaí cothrománacha i gclár chaiteachais ‘difriúil go suntasach idir tosaíochtaí’.

10 Foráiltear leis an togra¹⁴ nach mór don Choimisiún an Chomhairle agus an Pharlaimint a chur ar an eolas go bliantúil maidir le leibhéal chur chun feidhme na gclár agus na ngníomhaíochtaí i dtuarascáil aonair ar fheidhmíocht¹⁵, in ionad na 32 cheanglas tuairiscithe clárshonracha atá ann faoi láthair¹⁶. Tugaimid ar aire nach leagtar amach ar bhealach mionsonraithe sa togra ábhar an tuairiscithe bhliantúil ar fheidhmíocht a dhéanfaidh an Coimisiún amach anseo. Feicimid go bhfuil baol ann nach ndéanfar an fhaisnéis ábhartha uile atá ar fáil faoi láthair faoi na tuarascálacha earnála a chumhdach faoin tuarascáil feidhmíochta aonair a tugadh isteach le déanaí. Inár dtuairim maidir leis an togra le haghaidh na hEorpa Domhanda¹⁷, cuirimid chun suntais freisin go bhféadfadh caillteanas faisnéise atá ábhartha do chur chun feidhme na hionstraime a bheith mar

¹¹ Meabhrán míniúcháin an togra reachtaigh, lch. 7, agus Aithris 21 agus Airteagal 10(2).

¹² Ibid., Aithris 21 den togra.

¹³ Tuarascáil bhliantúil 2021 maidir le feidhmíocht, mír 2.62.

¹⁴ Airteagal 9(2).

¹⁵ Tuarascáil ar an measúnú tionchair, lch. 24, an chéad mhír faoin gceannteideal ‘Tuairisciú ar fheidhmíocht’.

¹⁶ Ibid., lch. 12.

¹⁷ Tuairim 07/2026 (de bhun Airteagal 322 (1) CFAE) i dtaca leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Eoraip Dhomhanda a bhunú, mír 22.

thoradh ar na ceanglais sruthlínithe maidir le tuairisciú poiblí don Choimisiún. Tarraingímid aird ar an ngá atá le cothromaíocht a bhaint amach idir simpliú agus faisnéis feidhmíochta spriocdhírthe ábhartha a sholáthar.

- 11** Áireofar sa togra chun tairseach na Tairisí Aonair a bhunú faisnéis maidir le cur chun feidhme airgeadais, deiseanna cistithe, agus feidhmíocht an bhuiséid, agus níos mó ná 30 tairseach agus deais á gcumasc¹⁸. Tá an aidhm sin chun castacht a laghdú agus inrianaitheacht a mhéadú ag teacht lenár dteachtaireachtaí roimhe seo¹⁹. Cuirimid chun suntais go mbeidh gá le hiarrachtaí suntasacha ó thaobh cistithe agus acmhainní de chun córas tuairiscithe éagsúlaithe a chomhcheangal chun an Tairseach Aonair a chruthú.

Creat feidhmíochta

- 12** Leagamar béim arís agus arís eile ar na ceachtanna atá le foghlaim chun feabhas a chur ar an díriú ar fheidhmíocht, ar chuntasacht agus ar thrédhearcacht in ionstraimí feidhmíocht-bhunaithe a bheidh ann amach anseo: ba cheart na ceachtanna sin a chur san áireamh agus an creat feidhmíochta a bhunaítear tríd an togra seo á cheapadh. Ar an iomlán, tugaimid faoi deara nach dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna ábhartha fós, agus is é an ceann is suntasaí an gá atá le díriú ar thorthaí seachas ar aschuir.
- 13** Cruthaíonn an creat feidhmíochta atá beartaithe, le táscairí, modheolaíochtaí agus socruithe tuairiscithe comhchuibhithe, dálaí chun feabhas a chur ar inchomparáideacht na sonraí feidhmíochta ar fud chistí ón Aontas. Cé go ndíríonn an tacar táscairí réamhshainithe ar tháscairí aschuir agus toraidh, níl táscairí toraidh ag an gceathrú cuid de na réimsí idirghabhála, agus i mórán cásanna baineann siad le réimsí idirghabhála ‘athchóirithe’. Thairis sin, níl aon táscairí tionchair ann chun anailís ar mheastóireachtaí cúlghabhálacha a éascú agus i gcásanna áirithe ní chomhaontaímid le haicmiú an Choimisiúin ar na táscairí. Ciallaíonn sé sin nach leor an liosta táscairí atá beartaithe chun forléargas cuimsitheach a thabhairt ar cé acu a baineadh nó nár baineadh cuspóirí an Aontais amach (féach míreanna [48](#) agus [49](#)).
- 14** Thairis sin, shainaithníomar laigí i líon tácairí aschuir agus toraidh a chuirtear i láthair in larscríbhinn I a ghabhann leis an togra. Go háirithe, tá roinnt tácairí doiléir maidir lena scóip agus lena n-ábhar, nó díríonn siad ar chéimeanna a bhaineann le nós imeachta nó

¹⁸ Tuarascáil ar an measúnú tionchair, Ich. 4, an chéad amharc faoin gceannteideal ‘Sainmhíniú faidhbe’.

¹⁹ Athbhreithniú 03/2025, Bosca 2(2) agus 5(6).

riaracháin, seachas ar aschuir nó torthaí inlámhsithe a bhaint amach²⁰. Is laigí iad sin a shainaithníomar cheana féin in obair na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF)²¹. Inár dtuairim i dtaca leis an togra maidir le Fís Eorpach, thugamar faoi deara go mbaineann táscairí taighde agus nuálaíochta le haschuir (e.g. líon na gcuideachtaí a fhaigheann tacaíocht) seachas le torthaí nó tionchair agus, dá bhrí sin, nach leor iad chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht. Thugamar ar aire freisin go bhfágann na táscairí atá beartaithe nach mbeadh sé éasca sonraí a bhaineann go sonrach le cuideachta/tairbhí a bhailiú²².

- 15** Níl an creat feidhmíochta atá beartaithe deartha go leordhóthanach chun gur féidir feidhmíocht a mheasúnú agus a dhearbhu²³. Mar shampla, ceanglaítear leis an togra go ndéanfar bearta faoi phleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí (CNR) a nascadh, trí réimsí idirghabhála, le táscairí aschuir agus toraidh, agus gur táscairí aschuir iad na garspriocanna agus na spriocanna deiridh. Déantar réimsí idirghabhála a shainiú go doiléir in go leor cásanna agus tá siad faoi réir léirmhínithe, rud a fhágann gur féidir bearta atá go hiomlán difriúil a nascadh leis an réimse céanna. Ina theannta sin, is minic nach mbíonn táscairí aschuir agus toraidh soiléir agus dírithe ar ionchuir nó ar ghníomhaíochtaí, rud a fhágann go bhfuil deis shuntasach ann léirmhíniú a dhéanamh a mhéid a bhaineann lena n-ábhar agus lena gcumhdach. I bhfianaise na laigí sin, atá cosúil leo siúd a sainaithníodh sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, i ndearadh an chreata feidhmíochta, beidh sé deacair measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht agus dearbhú a thabhairt maidir le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna. Inár [n-athbhreithniú 02/2025](#), thugamar ar aire freisin nach ionann úsáid maoinithe nach bhfuil nasctha le costais agus ionstraim fheidhmíocht-bhunaithe ann féin.

²⁰ [Tuairim 09/2026](#) maidir leis an gCiste Eorpach um chomhathú eacmaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil, míreanna 81 agus larscríbhinn III.

²¹ [Tuarascáil bhliantúil 2024](#), mír XXXVII.

²² [Tuairim 02/2026](#) i ndáil leis an togra maidir le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht, mír 46.

²³ [Tuairim 09/2026](#), míreanna 28-29.

- 16** Thuairiscíomar go rialta nár chuir na córais faireacháin atá ann faoi láthair don bhainistíocht chomhroinnte faisnéis leordhóthanach²⁴ ar fáil maidir le feidhmíocht ar leibhéal an Aontais: níorbh fhéidir táscairí clár-shonracha a chomhiomlánú ar leibhéal an Aontais, bhí líon teoranta comhtháscairí ann, agus bhí úsáid na dtáscairí a bhí ann cheana neamhréireach. Measaimid, ar an iomlán, gur céim dhearfach é an togra seo chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin. Mar sin féin, beidh sé casta réimsí idirghabhála comhchuibhithe agus táscairí feidhmíochta a chur i bhfeidhm ar an mbuiséad, go háirithe do na Ballstáit agus do chomhpháirtithe cur chun feidhme, rud a éilíonn treoraíocht shoiléir agus mínithe soiléire ón gCoimisiún (míreanna [18](#), [52](#), [53](#)).
- 17** Tugaimid ar aire go gcuireann an togra deireadh le príomhtháscairí feidhmíochta (i.e. táscairí a bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit uile tuairisciú ina leith) a úsáidtear sa chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) reatha. Cé go bhfuil sé i gceist leis an liosta aonair táscairí cúrsaí a shimpliú, feicimid fós go bhfuil baol ann go mbeidh deacrachtaí ann maidir le faisnéis feidhmíochta a chomhiomlánú, ós rud é gur féidir táscairí aschuir éagsúla a úsáid chun feidhmíocht a thaifeadadh le haghaidh na gcineálacha céanna gníomhaíochta.
- 18** Cé go dtacaíonn an tacar táscairí réamhshainithe atá beartaithe le trédhearcacht agus simpliú, d'fhéadfadh sé freisin leibhéal na mionsonraí a laghdú don Choimisiún nó do na Ballstáit chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme phleananna nó bhearta na comhpháirtíochta athléimneachta náisiúnta. Cuireann an togra ar chumas²⁵ na mBallstát táscairí aschuir nach n-áirítear in larscríbhinn I a shannadh i gcásanna a bhfuil údar cuí leo le comhaontú ón gCoimisiún. An tráth céanna, más rud é go sannfaí táscaire aschuir nó toraidh nach n-áirítear in larscríbhinn I, d'fhéadfadh comhiomlánú sonraí ar leibhéal an Aontais a bheith níos casta. Is é ár dtuairim gur cheart úsáid táscairí lasmuigh d'larscríbhinn I a theorannú a mhéid is féidir. Feicimid gur léir gur gá don Choimisiún na ceanglais treorach agus tuairiscithe dá dtagraítear sa togra a eisiúint go luath²⁶, chuig na Ballstáit, chun an measúnú foriomlán ar fheidhmíocht bhuiséad an Aontais a éascú.

²⁴ [Athbhreithniú 04/2025](#): Todhchaí bheartas comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh, míreanna 81-86; [tuarascáil speisialta 04/2024](#): Cuspóirí sábháilteachta bóthair an Aontais a bhaint amach, míreanna VII, 33, 34 agus 98, [tuarascáil speisialta 24/2021](#): Maoiniú feidhmíocht-bhunaithe sa Bheartas Comhtháthaithe, mír 42; [tuarascáil speisialta 14/2021](#): Comhar Interreg, míreanna 74, 77, 79.

²⁵ Airteagal 14(2)(a).

²⁶ Airteagal 8(3) agus 9(1).

- 19** Luaitear sa togra²⁷ go bhforchuirfear ‘ceanglais chomhréireacha tuairiscithe ar fhaighteoirí chistiú ón Aontas’ ach ní thugtar tuilleadh sonraí ann. Tá ceanglas comhchosúil ann go sonrach maidir le cistí faoi bhainistíocht indéach²⁸. Ba cheart forálacha iomchuí maidir le tuairisciú sonraí feidhmíochta i gcomhréir leis an Rialachán Feidhmíochta a bheith sna comhaontuithe a shínítear idir an Coimisiún agus comhpháirtithe cur chun feidhme. Mar sin féin, léiríonn an cleachtas atá ann faoi láthair gur gnách le comhpháirtithe cur chun feidhme a dtáscarí féin a úsáid²⁹, rud a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le héagsúlachtaí, rud a dhéanann difear d’indéantacht sonraí feidhmíochta a chomhiomlánú.
- 20** Thuairisciomar go comhsheasmhach³⁰ nár cheart samhlacha feidhmíocht-bhunaithe atá cistithe ag an Aontas a chur i bhfeidhm ach amháin nuair a bhíonn cistiú nasctha go soiléir le torthaí. Measaimid nach ndéantar foráil sa chreat atá beartaithe maidir le nasc den sórt sin. Ní bheidh feidhmíocht ó thaobh torthaí de ina coinníoll le haghaidh íocaíochta, toisc go bhfuil íocaíochtaí bunaithe ar gharspriocanna agus spriocanna a bhaint amach, a shainítear le táscarí aschuir³¹. Ba cheart do chreat feidhmíochta dul níos faide ná coinníollacha íocaíochta a shonrú, amhail garspriocanna agus spriocanna, agus ba cheart na heilimintí uile is gá a áireamh ann chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht, éifeachtúlacht agus gilleagar. Ní áirítear sa togra forálacha chun faisnéis a bhailiú maidir le caiteachas poiblí le haghaidh idirghabhálacha a fhaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais, cé go bhfuil sé tábhachtach chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus ar bharainneacht, mar a shainmhínítear sa Rialachán Airgeadais³². Tharraingíomar aird air sin inár dtuarascálacha ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF)³³.

²⁷ Airteagal 9(1).

²⁸ Airteagal 17(3).

²⁹ [Tuarascáil speisialta 20/2025](#): Tacaíocht ón gCoimisiún chun an t-ocras a chomhrac san Afraic fho-Shahárach, 69.

³⁰ [Tuairim 06/2022](#) (de bhun Airteagal 322(1), CFAE) i dtaca le togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú), mír 25; [tuarascáil speisialta 26/2023](#): Creat faireacháin feidhmíochta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, míreanna 22-51; [athbhreithniú](#): Díriú ar fheidhmíocht, cuntasacht agus trédhearcacht, míreanna 24-42, [athbhreithniú 03/2025](#), Bosca 5; [athbhreithniú 04/2025](#), mír 64.

³¹ Airteagal 14(2)(a).

³² Airteagal 33 den Rialachán Airgeadais.

³³ [Athbhreithniú 02/2025](#); mír 35; [tuarascáil speisialta 14/2024](#): Aistriú glas, mír IV agus moladh 4, [tuarascáil speisialta 26/2023](#), mír 102 agus moladh 4(b).

- 21** Tugaimid tuilleadh sonraí maidir leis na coinníollacha íocaíochta faoi mhaoiniú nach bhfuil nasctha le samhail na gcostas inár dtuairimí a bhaineann leis an togra maidir leis an gCiste Eorpach agus leis an togra maidir leis an Eoraip Dhomhanda³⁴. Sa tuairim maidir leis an gCiste Eorpach³⁵, tugaimid ar aire go bhfuil an tsamhail seachadta ag brath ar gharspriocanna agus spriocanna a bhaineann le haschuir chun íocaíochtaí a spreagadh. Ciallaíonn sé sin go ndíríonn sé ar dhul chun cinn an chur chun feidhme seachas ar thorthaí. Tá gá le meastacháin láidre ar chostais, ach níl coimircí iomchuí sa togra ina leith sin. Ní cheanglaítear ar na Ballstáit tuairisciú ar chaiteachas poiblí in aghaidh na hoibríochta. Dá bhrí sin, ní mór garspriocanna agus spriocanna a shainiú go beacht chun soiléireacht a sholáthar maidir le cathain is féidir a mheas go bhfuil siad bainte amach. Tá an baol ann go laghdóidh difríochtaí i ndearadh, uailmhian agus léirmhíniú ar fud na mBallstát inchomparáideacht, cóir chomhionann agus measúnú foriomlán ar fheidhmíocht chaiteachas an Aontais.
- 22** Ós rud é go mbeidh cistiú i bpleananna na mBallstát nasctha le garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach luachanna iomchuí a leagan síos do na garspriocanna agus do na spriocanna sin ionas go dtabharfaidh siad aghaidh ar riachtanais, go léireoidh siad an dul chun cinn i dtreo chuspóirí na n-ionstraimí agus go mbeidh siad ag teacht le tréimhse cur chun feidhme na mbeart a chistítear³⁶, chun luach ar airgead ó chistiú ón Aontas a áirithiú. Ní bhunaítear leis an togra seo, ná le tograí an Choimisiúin le haghaidh na gclár sonrach, na modheolaíochtaí chun spriocanna agus garspriocanna, agus bonnlínte agus luachanna measta a shocrú le haghaidh táscairí toraidh.
- 23** Cuirimid chun suntais a thábhachtaí atá sé modheolaíocht den sórt sin a bhunú chun leibhéal comhsheasmhach uailmhéine a áirithiú i measc na mBallstát agus gur féidir le cistiú ón Aontas luach ar airgead a sholáthar. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú go saineofar coinníollacha íocaíochta ar bhealach comhchuibhithe agus go gcuirfear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad maidir leis na Ballstáit uile chun cóir chomhionann a ráthú, mar a shainaithníomar inár gcuid oibre iniúchóireachta roimhe seo leibhéil éagsúla uailmhéine do thionscadail chomhchosúla³⁷. Ina theannta sin, thugamar chun suntais roimhe seo gur cheart do bhearta atá cistithe ag pleananna na mBallstát aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a sainaithníodh, mar shampla i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh³⁸.

³⁴ [Tuairim 09/2026](#), mír 30-36, 117, 36; [tuairim 07/2026](#), míreanna 24-81.

³⁵ [Tuairim 09/2026](#), An 6ú fleasc den bhosca príomhtheachtaireachtaí.

³⁶ [Athbhreithniú 02/2025](#), bosca maidir le Ich. 12, an dara pointe urchair.

³⁷ Ibid, mír 30 agus, Fíor 3.

³⁸ Ibid., bosca maidir le Ich. 12 an chéad phointe urchair, míreanna 04 agus 07.

24 Ba mhaith linn a mheabhrú freisin ár measúnú ar na rioscaí agus na deiseanna a bhaineann le húsáid a bhaint as maoiniú nach bhfuil nasctha le costais le haghaidh bhainistiú fóna airgeadais an bhuiséid. I bhfianaise ár bhfionnachtana iniúchóireachta roimhe seo maidir leis na ceachtanna don chéad CAI eile ([athbhreithniú 03/2025](#)) agus don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ([athbhreithniú 02/2025](#)), ba cheart don Choimisiún measúnú cúramach a dhéanamh, ar bhonn cás ar chás, an bhfuil an rogha chistithe sin oiriúnach don chuid is mó den chaiteachas atá beartaithe. Déanaimid mionléiriú ar an riosca sin inár dtuairim maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas³⁹, inár dtuairim maidir le Fís Eorpach⁴⁰ agus inár dtuairim maidir leis an gClár um an Margadh Aonair agus Custam⁴¹. Ina theannta sin, inár dtuairim maidir leis an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta⁴², tarraingimid aird ar an riosca nuair a úsáidtear ionstraimí den sórt sin i gcomhar le cláir chistiú éagsúla ón Aontas lena maoinítear bearta agus gníomhaíochtaí comhchosúla le linn na thréimhse céanna.

Cuspóirí caiteachais a ailíniú le tosaíochtaí beartais uile-Aontais

25 Tá sé tugtha faoi deara againn roimhe seo nach mór cuspóirí a shainiú go soiléir agus a léiriú i leithdháileadh chistiú ón Aontas chun an tionchar is mó is féidir a bhaint amach⁴³. Comhtháthaítear sa togra ceanglas nua an Rialacháin Airgeadais go gcuirfear gach clár chun feidhme gan dochar suntasach a dhéanamh don chomhshaol, go ndéanfar dálaí oibre agus fostaíochta a urramú agus go gcuirfear prionsabal an chomhionannais inscne i bhfeidhm. Ar an iomlán, cuireann sé creat níos soiléire ar fáil chun tuairisciú a dhéanamh

³⁹ [Tuairim 01/2026](#) (de bhun Airteagal 322(1), CFAE) i dtaca leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas ('CEI') a bhunú, mír 56.

⁴⁰ [Tuairim 02/2026](#) (de bhun Airteagal 322(1), CFAE) maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, do thréimhse 2028-2034, mír 31.

⁴¹ [Tuairim 08/2026](#) (de bhun Airteagal 322(1) CFAE) maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár um an Margadh Aonair agus Custam do thréimhse 2028-2034, mír 43.

⁴² [Tuairim 06/2026](#) (de bhun Airteagal 322(1) CFAE) maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus tacaíocht ón Aontas d'ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte, mír 40.

⁴³ [Athbhreithniú 02/2025](#), bosca maidir le lch. 8, 4ú, an chéad phointe urchair, míreanna 13 agus 31.

ar fheidhmíocht na dtosaíochtaí cothrománacha (féach míreanna [39-40](#), [44](#)). Mar sin féin, cuirimid roinnt moltaí nithiúla ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar laigí maidir le treoraíocht thráthúil i ndáil le gan dochar suntasach a dhéanamh agus i ndáil le comhsheasmhacht sa chur chuige maidir le príomhshruthú inscne (féach míreanna [43](#), [45](#) agus [46](#)).

- 26** Sainítear sa togra⁴⁴ córas trí chiseal de luachanna comhéifeachta an Aontais (0 %, 40 % agus 100 %) a chuirfear i bhfeidhm agus na ranníocaíochtaí caiteachais le beartais chothrománacha á ríomh. Beifear in ann leis an togra, feabhas a chur ar chruinneas an rianaithe ar chaiteachas aeráide agus an fhaireacháin ar fheidhmíocht trí chomhéifeachtaí an Aontais a shainiú go cothrománach le haghaidh gach réimse idirghabhála. Mar sin féin, ní thugtar aghaidh sa togra ar laige athfhillteach, i.e. go bhfuil rannchuidiú na gclár leis na tosaíochtaí éagsúla bunaithe ar mheastacháin seachas ar chaiteachas iarbhir. Fuarthas inár n-iniúchtaí ar phríomhshruthú aeráide⁴⁵ go ndearnadh rómheastachán ar chaiteachas tuairiscithe an Choimisiúin do CAI 2014-2020. Measaimid go bhfuil an baol ann fós go ndéanfaí rómheastachán ar roinnt comhéifeachtaí sa togra nua (féach mír [42](#)).
- 27** Comhcheanglaíonn sprioc 35 % an togra cuspóirí aeráide agus comhshaoil (lena n-áirítear an bithéagsúlacht), agus sa CAI reatha tá cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta scartha. Dá bhrí sin, níl na céatadáin inchomparáide (féach míreanna [39](#) agus [41](#)). Tugaimid ar aire nach n-áirítear sa togra comhéifeachtaí do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaíthe (SDGanna) agus don earnáil dhigiteach mar thosaíochtaí atá le rianú. Measann an Coimisiún gur cheart go gceadófaí leis an gcóras atá beartaithe do réimsí idirghabhála faireachán a dhéanamh ar chaiteachas a thacaíonn leis na beartais sin, ach ní mhínítear sa togra conas a tharlóidh sé. Is tosaíocht thábhachtach de chuid an Choimisiúin iad na SDGanna⁴⁶, agus is tosaíocht chothrománach sa CAI reatha é caiteachas ar chúrsaí digiteacha.

Comhlíonadh, trédhearcacht, cuntasacht agus inrianaitheacht na gcistí a chaitear

- 28** Faigheann an Coimisiún sonraí feidhmíochta ó go leor páirtithe leasmhara éagsúla (údaráis na mBallstát ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, tairbhíthe, ranna an Choimisiúin, gníomhaireachtaí díláráithe, comhlachtaí éagsúla de chuid an Aontais, tríú

⁴⁴ Airteagal 8 agus larscríbhinn I.

⁴⁵ Tuarascáil speisialta 09/2022: Caiteachas aeráide i mbuiséad 2014-2020 an Aontais, míreanna VI-VII, 57 agus 60; tuarascáil speisialta 14/2024, míreanna IV agus 23.

⁴⁶ Treoirínte polaitiúla: 'Aontas níos uailmhianaí – An clár oibre agamsa don Eoraip', féach freisin Athbhreithniú Deonach an Aontais maidir le Cur Chun Feidhme Chlár Oibre 2030 (EUVR).

tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí comhpháirtíochta eile lasmuigh den Aontas). Tá sé ar cheann de na dúshláin is mó atá roimh an mbainistíocht feidhmíochta iontaofacht na sonraí feidhmíochta a áirithiú. Shanaithníomar roimhe seo, i gcásanna áirithe, nach raibh na sonraí feidhmíochta a thíolaic na Ballstáit go hiomlán iontaofa⁴⁷, agus d'aithin an Coimisiún é sin freisin. Fuaireamar go raibh bearnaí freisin in inrianaitheacht na sonraí is bun le táscairí feidhmíochta a thuairiscigh an Coimisiún⁴⁸, agus shainaithníomar go rialta⁴⁹ gur chuir an easpa sonraí feidhmíochta iontaofa bac ar úsáideacht na meastóireachtaí.

29 Liostaítear sa togra na táscairí toraidh agus aschuir ag tús CAI tríd an tuairisciú feidhmíochta a leabú in aon ghníomh dlí amháin. Ina theannta sin, níl creat soiléir rialaithe agus cuntasachta le haghaidh sonraí feidhmíochta sa togra chun a cháilíocht agus a iontaofacht a áirithiú. Ós rud é go bhfuil na socruithe sin de ghnáth ag brath ar an modh bainistíochta, ba cheart socruithe soiléire rialaithe agus cuntasachta a shonrú i rialacháin earnála (féach míreanna 20 agus 21). Ba cheart a áireamh leis sin freisin próiseas chun seiceáil chórasach a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí conarthacha, nuair atá siad i bhfoirm táscairí feidhmíochta, a bheidh le comhlíonadh ag tairbhíthe an Aontais tar éis dóibh íocaíochtaí an Aontais a fháil⁵⁰. Tugaimid tuilleadh sonraí maidir leis na socruithe rialaithe agus cuntasachta inár dtuairimí i ndáil leis an togra le haghaidh an Chiste Eorpaigh agus an togra le haghaidh an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas⁵¹. Mar sin féin, agus gan beann ar na roghanna seachadta agus cistithe a úsáidtear faoi dheoidh, is mian linn béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé leibhéal sásúil comhlíontachta, trédhearcachta, cuntasachta agus inrianaitheachta a áirithiú chomh maith le bainistíocht fhónta airgeadais ar an gcaoi a gcaitear na cistí.

⁴⁷ Tuarascáil bhliantúil 2023; mír 3.59 tuarascáil speisialta 25/2018: Tionscadail straitéiseacha LIFE, mír 11 agus moladh 2; tuarascáil Speisialta 16/2025: Cistiú ón Aontas chun tinte foraoise a chomhrac, míreanna 56-57; tuarascáil speisialta 26/2023, mír VI.

⁴⁸ Tuarascáil bhliantúil 2024, mír 3.80.

⁴⁹ Athbhreithniú 04/2025, mír 21, 89, Bosca 5 (deis (4)); tuarascáil speisialta 05/2025: Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip, míreanna III, 78, 86, tuarascáil speisialta 14/2023: An clársceidealú don Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda; tuarascáil speisialta 17/2024: Ciste iontaobhais an Aontais Eorpaigh don Afraic, moladh 4; tuarascáil speisialta 26/2024: Náisiúnaigh tríú tír a lánpháirtiú san Aontas, míreanna 79-82, 104.

⁵⁰ Tuarascáil bhliantúil 2023, moladh 6.3, lch. 266.

⁵¹ Tuairim 09/2026, míreanna 40-41, 117, 36; tuairim 01/2026, míreanna 67.

30 Cumhdaíodh freisin sna ceachtanna a foghlaimíodh ó RRF⁵² inrianaitheacht, cuntasacht agus trédhearcacht na gcistí a caitheadh. Go háirithe, rinneamar tagairt do na córais bhainistíochta agus rialaithe agus do rialtacht na n-íocaíochtaí, lena n-áirítear comhlíonadh rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta, i maoiniú nach bhfuil nasctha leis an gcóras costais. Ní cuid den togra reachtach seo iad na gnéithe sin, ach cumhdaítear iad inár dtuairim maidir leis an togra le haghaidh Ciste Eorpach⁵³. Chun léargas iomlán a thabhairt, déanaimid achoimre ar na príomhphointí.

- *Ba cheart comhlíonadh rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta a áireamh sna coinníollacha faoina bhfaighidh na Ballstáit íocaíocht.* Measaimid gur cheart go leagfaí amach sa togra maidir leis an gCiste Eorpach an chaoi a ndéanfar measúnú ar chomhlíonadh na mbunoiibríochtaí le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta is infheidhme – lena n-áirítear soláthar poiblí, státchabhair agus ceanglais chothrománacha eile – agus an chaoi a n-áiritheofar an comhlíonadh sin. Ba cheart go soiléireofaí sa rialachán go bhfuil comhlíonadh dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta éigeantach agus gur cheart go mbeadh iarmhairtí airgeadais don Bhallstát mar thoradh ar neamhchomhlíonadh. Ós rud é gurb é an Coimisiún atá freagrach faoi dheoidh, ba cheart dó ceanglais éifeachtacha rialaithe agus iniúchóireachta a bhunú. Gan iarmhairtí an neamhchomhlíonta a shonrú go sainráite, go háirithe maidir le ceartuithe airgeadais agus aisghabhálacha, tá baol ann nach mbeidh dearbhú an Choimisiúin ina bhonn leordhóthanach chun dlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas an Aontais a dheimhniú⁵⁴.
- *Ba cheart córais rialaithe iomchuí a bheith i bhfeidhm sna Ballstáit agus ba cheart don Choimisiún iad a sheiceáil sula gcuirfear tús leis an gcur chun feidhme.* Tá an togra maidir leis an gCiste Eorpach bunaithe den chuid is mó ar an toimhde go mbeidh leanúnachas ann maidir leis an gcaoi a bhfeidhmíonn údarais an phlean CNR agus feidhmiú an chórais bainistíochta agus rialaithe, rud a d'fhéadfadh gannmheastachán a dhéanamh ar scála an oiriúnaithe. Ba cheart gá a bheith le scrúdú luath a dhéanamh ar na córais atá i bhfeidhm chun acmhainneacht an Choimisiúin an dearbhú is gá a sholáthar a threisiú⁵⁵.

⁵² [Athbhreithniú 02/2025](#), bosca maidir le lch 10.

⁵³ [Tuairim 09/2026](#), míreanna 40-47.

⁵⁴ Ibid, mír 42.

⁵⁵ Ibid, mír 44.

- *Ba cheart an mhodheolaíocht fionraíochta íocaíochta a bheith bunaithe ar chritéir oibiachtúla seachas ar bhreithnithe suibiachtúla.* Foráiltear leis an togra maidir leis an gCiste Eorpach go bhféadfar fionraíochtaí a chur i bhfeidhm i gcás riosca do chur chun feidhme éifeachtach na mbeart, agus i gcás ‘neamhchomhlíonadh tromchúiseach’ an dlí is infheidhme ar leibhéal na n-oibríochtaí. Mar gheall ar an togra, ceadaítear don Choimisiún agus do na Ballstáit teacht ar chomhaontú frithpháirteach maidir le síneadh a chur leis an nós imeachta, rud a d’fhéadfadh moill a chur ar chur i bhfeidhm na gceartuithe airgeadais⁵⁶.

31 Ní shainítear sa togra saincheisteanna rialachais sonraí amhail idir-inoibritheacht na gcóras TF (lena n-áirítear córais na mBallstát), coimeád taifead, íoscheanglais fíorúcháin agus freagrachtaí maidir le cáilíocht sonraí. Gan sainmhínithe, rialacha, treoraíocht agus seiceálacha comhchuibhithe soiléire, chomh maith leis na hiarmhairtí maidir le sonraí a chur isteach ar bhealach moillithe, neamhiomlán nó míchruinn, d’fhéadfadh cleachtais a bheith éagsúil ar fud na mBallstát, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus páirtithe leasmhara eile, agus tá baol ann go leanfar de shaincheisteanna maidir le hiontaofacht agus inchomparáideacht sonraí⁵⁷. Cuirimid i bhfios go láidir go bhfuil na gnéithe sin ríthábhachtach chun críoch cuntasachta, rialaithe airgeadais agus iniúchóireachta.

32 Áirítear sa togra suíomh gréasáin aonair chun dul chun cinn na gcistí éagsúla a thuairisciú agus chun faisnéis a chur ar fáil maidir le faighteoirí chistí ón Aontas agus maidir le hoibríochtaí: an Tairseach Aonair (féach mír [11](#)). Cuirfidh sé sin feabhas ar thrédhearcacht, ós rud é go dtabharfaidh sé le chéile an fhaisnéis atá á coimeád faoi láthair i roinnt tairseacha ar líne. Foráiltear leis⁵⁸ an togra go dtabharfar an Tairseach Aonair cothrom le dáta go rialta. Léirigh ár measúnú ar thuairisciú RRF go mbeadh gá le faisnéis thráthúil agus thrédhearcach faoin ranníocaíocht atá déanta ag cistiú chun cuspóirí na hionstraime a bhaint amach, agus conas a bheadh gá léi, chun thrédhearcacht a fheabhsú⁵⁹.

⁵⁶ Ibid., míreanna 135-137.

⁵⁷ Tuarascáil bhliantúil 2023, mír 3.49.

⁵⁸ Airteagal 12(5).

⁵⁹ Athbhreithniú 02/2025, mír 39, bosca 2.

- 33** Measaimid go bhfuil sé tábhachtach go suífidh an Coimisiún cé chomh minic a thabharfar an Tairseach Aonair cothrom le dáta agus conas a cheadóidh an córas sonraí a asbhaint maidir le tréimhsí ama sonracha. Shainaithníomar saincheistean na den sórt sin a bhaineann le ham i dtuairisciú feidhmíochta an Choimisiúin don CAI reatha, nuair nach raibh na sonraí taobh thiar de na huimhreacha a tuairiscíodh ar fáil ach don dáta tuairiscithe féin, agus ina dhiaidh sin d'athraigh na sonraí mar gheall ar iontrálacha nua⁶⁰. Ní shonraítear sa togra, ná sna tograí le haghaidh na gclár sonracha, conas a áiritheofar iontaofacht agus cáilíocht na sonraí feidhmíochta sa Tairseach Aonair (féach míreanna **29**).
- 34** Baineann rioscaí teicniúla le forbairt agus cothabháil na Tairisí Aonair agus réiteach digiteach eile, amhail teipeanna córais, bagairtí cibearshlándála, agus saincheistean idir-inoibritheachta leis na córais atá ann cheana. Trí bhearta láidre slándála TF a chur chun feidhme, agus trí thástáil rialta a dhéanamh ar an gcóras, agus trí phleananna teagmhasacha a bheith ann, is féidir cuidiú le haghaidh a thabhairt ar rioscaí teicneolaíochta. Ba cheart córais faisnéise a thacaíonn le trédhearcacht agus le tuairisciú feidhmíochta a dhearadh chun rochtain iomlán a cheadú chun críocha iniúchóireachta agus rialaithe⁶¹. Thairis sin, ba cheart dóibh inrianaitheacht a áirithiú le himeacht ama, agus leanúint de bheith inoiriúnaithe d'uirlisí anailíseacha atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear anailísíocht sonraí agus intleacht shaorga.

Dáta foilsithe na tuarascála bliantúla ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht

- 35** Thuairisciomar roimhe seo⁶² go gcuireann dáta foilsithe na tuarascála bliantúla ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht faoin 30 Meitheamh den bhliain dár gcionn srian ar ár gcumhdach ar an tuarascáil seo inár dtuarascáil bhliantúil. Foráiltear leis an togra⁶³ nach mór don Choimisiún tuairisciú go bliantúil ar fheidhmíocht, agus tagraítear ann do na hoibleagáidí a eascraíonn as an Rialachán Airgeadais. Chun spriocdháta an 30 Meitheamh a choimeád, cuirfear srian suntasach ar chumas CIE maidir le measúnú cuimsitheach ar an tuarascáil bhliantúil ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht a sholáthar in am don urscaoileadh.

⁶⁰ Tuarascáil bhliantúil 2024, mír 3.54.

⁶¹ Athbhreithniú 02/2025, bosca maidir le lch. 8, an chéad phointe urchair, mír 42.

⁶² Athbhreithniú 04/2024: Tuarascáil bhliantúil an Choimisiúin ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht Bhuiséad AE 2023, mír 04.

⁶³ Airteagal 9(2).

Tráchtanna sonracha

Caibidil 1 – Cur chun feidhme (Airteagail 1-3)

- 36** Tá gá le sainmhínithe soiléire chun léirmhínithe éagsúla a sheachaint i measc na bpáirtithe éagsúla a bhfuil baint acu le cistí ón Aontas a chur chun feidhme, ar leibhéal na mBallstát chomh maith leis an gCoimisiún agus institiúidí eile de chuid an Aontais. Beidh tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcás ionstraimí de chuid an Aontais a eisíoctar ar bhonn éachtaí cainníochtúla nó cáilíochtúla, amhail an Rialachán atá beartaithe maidir leis an gCiste Eorpach. Léirigh ár gcuid oibre ar RRF go n-eascaíonn léirmhínithe éagsúla féideartha as sainmhíniú doiléir ar choinníollacha íocaíochta, amhail garspriocanna nó spriocanna, maidir lena gcomhlíonadh⁶⁴. Ní mór gach coinníoll íocaíochta agus incháilitheachta a shainiú go soiléir agus go cuimsitheach, bunaithe ar chritéir atá infhíoraithe go hoibiachtúil chun an riosca go ndéanfaí measúnuithe éagsúla lánroghnacha ar cheanglais dhlíthiúla a laghdú.
- 37** Ní hionann an sainmhíniú ar ‘oibríocht’ in Airteagal 2 den togra agus an sainmhíniú in Airteagal 4 den Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach atá beartaithe agus ní thagraíonn sé do chonarthaí. Ciallaíonn sé sin, faoin Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach atá beartaithe, bheadh conradh ag fónamh mar oibríocht a rannchuidíonn leis na táscairí aschuir nó toraidh a shainítear in Iarscríbhinn I, cé go bhféadfadh sé nach amhlaidh an cas de réir an togra le haghaidh Rialachán Feidhmíochta. Thairis sin, níl aon cheanglas ann don Tairseach Aonair faisnéis a sholáthar faoi chonarthaí ós rud é nach meastar gur oibríochtaí iad sin faoin togra maidir le Rialachán Feidhmíochta. Sainmhínítear an coincheap ‘beart’ ar bhealach éagsúil faoin togra seo agus faoin Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach atá beartaithe. Chun na neamhréireachtaí sin a shárú, molaimid go ndéanfaí an sainmhíniú ar ‘oibríocht’ sa phacáiste nua de thograí CAI a chomhchuibhiú (féach freisin [Iarscríbhinn II](#)).

⁶⁴ Tuarascáil bhliantúil 2024, mír XXXVII.

38 Sonraítear sa togra⁶⁵, i measc nithe eile, go soláthróidh an Tairseach Aonair an fhaisnéis maidir le faighteoirí dá dtagraítear in Airteagal 38 den Rialachán Airgeadais. Ní hionann an sainmhíniú ar ‘faighteoir’ sa Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach atá beartaithe agus an sainmhíniú sa Rialachán Airgeadais. Ní shainítear iad sa Rialachán Feidhmíochta atá beartaithe, cé go luaitear ann an téarma ‘faighteoir deiridh’ agus ‘oibríochtaí’ á sainiú agus go gceanglaítear leis ceanglais chomhréireacha tuairiscithe a fhorchur ar faighteoirí chistiú ón Aontas. Ar deireadh, ní shainmhínítear ‘tairbhí’ sa togra ach oiread, cé go dtagraítear dó in Airteagal 18. Tá an baol ann go mbeidh tuairisciú neamhréireach i gceist leis sin. Dá bhrí sin, molaimid sainmhíniú ar ‘faighteoir’ agus ar ‘tairbhí’ a chur isteach nó tagairt a dhéanamh do shainmhíniú i reachtaíocht ábhartha eile (féach freisin [larscríbhinn II](#)).

Caibidil 2 – Prionsabail chothrománacha (Airteagail 4-7)

39 Leagtar síos sa togra⁶⁶ sprioc íosta 35 % de chaiteachas foriomlán CAI (gan slándáil agus cosaint a áireamh) a bheidh le leithdháileadh ar ghníomhú ar son na haeráide agus ar chuspóirí comhshaoil. Sa CAI reatha, bheartaigh an tAontas 30 % ar a laghad dá bhuiséad a ghealladh do chaiteachas a bhaineann leis an aeráid. Bhí sprioc ar leithligh 7.5 % ann freisin don bhithéagsúlacht i mbuiséad bliantúil 2024 agus 10 % in 2026 agus 2027, agus bhí forluí ann maidir le ranníocaíochtaí caiteachais leis an dá sprioc. Ós rud é go n-áirítear an bhithéagsúlacht freisin i sprioc 35 % an togra maidir le gníomhú ar son na haeráide agus cuspóirí comhshaoil, ba mhaith linn a chur in iúl nach bhfuil na spriocanna caiteachais don dá CAI inchomparáide. Áirítear sa togra⁶⁷ foráil maidir le ‘bearta iomchuí’ atá le déanamh i gcás nach bhfuil dul chun cinn leordhóthanach déanta, chun a áirithiú go mbainfidh an caiteachas an sprioc fhoriomlán 35 % amach, i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le CAI 2021-2027.

40 Leithdháileann an togra⁶⁸ comhéifeachtaí ar leithligh ar mhaolú ar an athrú aeráide, agus ar oiriúnú don athrú aeráide agus ar athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide. Tá sé sin i gcomhréir le moltaí a rinneadh roimhe seo i dtuarascálacha speisialta CIE⁶⁹. Déanfar an rannchuidiú leis an sprioc maidir le gníomhú ar son na haeráide agus cuspóirí comhshaoil a ríomh trí úsáid a bhaint as an gcomhéifeacht is airde i measc maolú ar an athrú aeráide, oiriúnú don athrú aeráide agus athléimneacht in aghaidh an athraithe

⁶⁵ Airteagal 12(1)(b).

⁶⁶ Airteagal 4(2).

⁶⁷ Airteagal 4(5).

⁶⁸ Airteagal 4(2).

⁶⁹ Tuarascáil speisialta 09/2022, mír 41; Tuarascáil speisialta 14/2024, mír 23.

aeráide, agus an chomhshaoil. Ba cheart go ndéanfaidh sé sin comhaireamh dúbailte tosaíochtaí iomadúla a chosc sna cláir nó sna gníomhaíochtaí céanna.

- 41** Cé go luaitear rianú ‘bithéagsúlachta’ in Airteagal 4(1), níl aon sprioc de chuid an Aontais ann a thuilleadh maidir le caiteachas bithéagsúlachta, agus níl aon tagairt don bhithéagsúlacht in Iarscríbhinn I. Luaitear sa tuarascáil ar mheasúnú tionchair ón gCoimisiún⁷⁰ go gcuirfear feabhas ar rianú chaiteachas bhuiséad an Aontais a chuireann leis an mbithéagsúlacht, ach ní léir ón togra conas a dhéanfar é sin.
- 42** Sainítear sa togra⁷¹ córas trí chiseal de luachanna comhéifeachta an Aontais (0 %, 40 % agus 100 %) a chuirfear i bhfeidhm agus na ranníocaíochtaí caiteachais le beartais chothrománacha á ríomh. Tugaimid chun suntais go bhfuarthas amach inár n-iniúchtaí go raibh rómheastachán á dhéanamh ag roinnt comhéifeachtaí ar rannchuidiú a réimsí idirghabhála le gníomhú ar son na haeráide agus le cuspóirí comhshaoil⁷². Measaimid, i gcásanna áirithe, go bhfuil rómheastachán á dhéanamh arís ar luachanna comhéifeachta beartaithe an Aontais chun caiteachas aeráide agus comhshaoil a rianú. Mar shampla, de réir an Choimisiúin, rannchuidíonn an réimse idirghabhála ‘Bonneagar fuinnimh a bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint leis i gcomhréir le Rialachán GTE-F’ leis an athrú aeráide agus le maolú 100 %, ach de réir mheasúnú CIE, ní rannchuidíonn sé ach 40 %, ós rud é gur measadh i dtuarascáil speisialta 09/2022 uainn rannchuidiú measartha na dtionscadal iompair leictreachais le gníomhú ar son na haeráide.
- 43** Foráiltear leis an Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach atá beartaithe ag an gCoimisiún gur féidir leis na Ballstáit dréachtpheannanna a chur faoi bhráid an Choimisiúin ó Mheitheamh 2027 ar aghaidh. Mar sin féin, ní léir ón togra a pléadh sa tuairim seo ná ón Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach atá beartaithe cad iad na critéir ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ (DNSH). Ní léir ach oiread cén leibhéal (plean, réimse beartais, gníomhaíocht nó beart) ar a ndéanfar an measúnú. Dá bhrí sin, tá táirgeadh tráthúil na treorach ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ – atá le soláthar faoin 1 Eanáir 2027⁷³ agus a bheidh mar bhonn chun comhlíonadh an phrionsabail sin a chur i bhfeidhm agus a mheasúnú, rithábachtach⁷⁴ (féach [Iarscríbhinn II](#)).

⁷⁰ Tuarascáil ar mheasúnú tionchair, lch. 62.

⁷¹ Airteagal 8 agus Iarscríbhinn I.

⁷² Tuarascáil speisialta 09/2022, mír IV.

⁷³ Aithris 5 den togra.

⁷⁴ Athbhreithniú 04/2025 Bosca 3(1), míreanna 15 agus 32-38; tuarascáil speisialta 14/2024, Moladh 3.

- 44** Leagtar amach scóir sa togra⁷⁵ lena léirítear a mhéid a thacaíonn gníomhaíochtaí atá maoinithe ag buiséad an Aontais le comhionannas inscne, agus in larscríbhinn IV liostaítear cláir agus gníomhaíochtaí lena ndéantar príomhshruthú inscne. Tá sé sin ag teacht lenár moladh ó thuarascáil 2021 maidir le feidhmíocht bhuiséad an Aontais⁷⁶. Tugaimid ar aire go gceanglaítear leis an togra⁷⁷ ar an gCoimisiún treoraíocht theicniúil ábhartha a chur ar fáil (féach [larscríbhinn II](#)).
- 45** Fuaireamar freisin go n-áirítear in larscríbhinn I táscairí comhionanna atá deighilte de réir inscne i roinnt réimsí idirghabhála amháin, e.g. go bhfuil an táscaire ‘líon na bpost a coinníodh nó a cruthaíodh’ imdhealaithe de réir inscne faoin réimse idirghabhála ‘Infheistíochtaí sa gheilleagar gorm, lena n-áirítear speisialtóireacht chliste’ ach nach bhfuil faoin réimse idirghabhála ‘Infheistíochtaí sa talmhaíocht agus san fhoraíocht (seachas infheistíochtaí glasa nó chun sláinte ainmhithe, bithshlándáil agus leas ainmhithe a fheabhsú)’ (féach [larscríbhinn II](#)).
- 46** Ní leagtar síos leis an togra sciar íosta gníomhaíochtaí chun tacú le comhionannas inscne. Luaitear in Aithris 44 a ghabhann leis an Rialachán atá ann faoi láthair maidir leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda (NDICI-an Eoraip Dhomhanda), ‘gur cheart comhionannas inscne a bheith mar phríomhchuspóir nó mar chuspóir suntasach ag 85 % ar a laghad de na gníomhaíochtaí nua a chuirtear chun feidhme faoin Ionstraim, [...]. Ba cheart comhionannas inscne agus cearta agus cumhachtú na mban agus na gcaillíní a bheith mar phríomhchuspóir ag 5 % ar a laghad de na gníomhaíochtaí sin’. Gan sciar íosta gníomhaíochtaí a leagan síos chun tacú le comhionannas inscne i réimse na gníomhaíochta seachtraí, tá baol ann go gcaillfear an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste.

Caibidil 3 – Creat rianaithe agus feidhmíochta caiteachais bhuiséadaigh, faireachán agus tuairisciú, meastóireacht agus trédhearcacht (Airteagail 8-12)

- 47** Áirítear in larscríbhinn I a ghabhann leis an togra réimsí beartais agus réimsí idirghabhála ach ní áirítear cuspóirí beartais inti. Dá bhrí sin, ní léirítear go sainráite ann an comhghaol idir réimsí idirghabhála agus cuspóirí beartais an Aontais. I réimse na gníomhaíochta seachtraí agus na forbartha, agus go sonrach maidir le tíortha is iarrthóirí a ullmhú d’aontachas leis an Aontas agus comhpháirtíochtaí eachtracha a neartú, tugaimid ar aire nach gcumhdaítear gach cuspóir beartais sna réimsí idirghabhála ná sna táscairí

⁷⁵ Airteagal 7.

⁷⁶ [Tuarascáil bhliantúil 2024](#), caibidil 3, cuid 3 agus larscríbhinn 3.6.

⁷⁷ Airteagal 7(3).

idirghabhála, e.g. cuspóirí a bhaineann le próiseas an mhéadaithe nó le hacmhainneachtaí le haghaidh cumarsáid straitéiseach. Níl an mhapáil/an comhghaol idir cuspóirí beartais na hEorpa Domhanda agus na réimsí idirghabhála caighdeánaithe soiléir.

48 Déantar foráil⁷⁸ sa togra maidir le dhá chineál táscairí feidhmíochta: táscairí aschuir agus táscairí toraidh. Sna treoirlínte ón gCoimisiún maidir le rialáil níos fearr⁷⁹, sainaithnítear ceithre chineál táscairí feidhmíochta: táscairí ionchuir, aschuir, toraidh agus tionchair. Cé go n-aithnítear an tsimplíocht a bhaineann le díriú ar dhá chineál táscairí, beidh sé níos casta meastóireachtaí cúlghabhálacha a dhéanamh ina dhiaidh sin, toisc nach n-áirítear táscairí feidhmíochta tionchair sa togra. Cuirimid i bhfios go láidir go bhfuil gá le táscairí tionchair chun cur ar chumas na mBallstát agus an Choimisiúin na sonraí is gá a shainaithint chun an fhaisnéis maidir le tionchair a bhailiú, ionas go mbeidh an fhaisnéis sin ar fáil faoi thráth na meastóireachta cúlghabhálaí. Tugaimid ar aire gur cháin an Bord um Ghrinnschrúdú Rialála freisin an easpa táscairí tionchair ina n-athbhreithniú⁸⁰ ar mheasúnú tionchair an Choimisiúin, agus d'fhreagair an Coimisiún go raibh easpa táscairí tionchair fadtéarmacha fóinteacha ar fáil seachas aschur agus torthaí.

49 Rinneamar anailís ar na táscairí a mhol an Coimisiún in larscríbhinn I. Measaimid go ndéantar an chuid is mó díobh a chatagóiriú i gceart mar tháscairí aschuir nó toraidh. Mar sin féin, níl táscairí toraidh ag 134 (25 %) de na 543 réimse idirghabhála, agus bhain beagnach leath díobh le hathchóirithe. Baineann sé sin an bonn den bhéim ar thorthaí. I gcás 4 % de na réimsí idirghabhála, measaimid gur táscairí aschuir iad na táscairí a shainítear mar tháscairí toraidh (mar shampla, 'líon na ndaoine oilte' nó 'líon na ndaoine a thairbhíonn'). I gcás 7 % de na réimsí idirghabhála, creidimid go bhfuil na táscairí a shainítear mar tháscairí aschuir níos gaire do tháscairí ionchuir, de réir an tsainmhínithe sna treoirlínte maidir le rialáil níos fearr (e.g. 'líon na n-oibríochtaí' agus 'líon na gcomhaontuithe cistithe').

50 Ceanglaítear leis an togra⁸¹ go bhfoilseofar faisnéis faoi oibríochtaí a mhaoínítear leis an mbuiséad, agus aird chuí á tabhairt ar rúndacht agus ar bhreithnithe slándála, agus cé is moite de thacaíocht a sholáthraítear trí ionstraimí airgeadais nó trí ráthaíochtaí buiséadacha, ar mhéid is lú ná €500 000, i gcomhréir leis na forálacha ón Rialachán Airgeadais. Tá sé sin ag teacht leis na forálacha ón Rialachán Airgeadais. Ós rud é go bhfuil InvestEU+ faoin gCiste Eorpach um Iomaíochas (CEI), agus an ionstraim don Eoraip

⁷⁸ Airteagal 8(1).

⁷⁹ Bosca uirlisí um rialáil níos fearr, lch. 362, an ceannteideal '2.1 An méid ar cheart faireachán a dhéanamh air a shainaithint'.

⁸⁰ Tuarascáil ar mheasúnu tionchair, lgh. 48-50.

⁸¹ Airteagal 12(1)(c).

Dhomhanda dírithe go príomha ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus ar mhicreamhaoiniú, is dócha go dtitfidh cuid shubstantiúil de na hoibríochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi bhun na tairsí sin.

- 51** Liostaítear in Airteagal 12(2) ábhar na Tairsí Aonair a bhaineann le dul chun cinn chur chun feidhme airgeadais agus fheidhmíocht an bhuiséid, agus liostaítear in Airteagal 12(3) an t-ábhar le haghaidh oibríochtaí atá maoinithe ag an mbuiséad trí phleananna ó na Ballstáit. Ní luaitear pleananna tríú tíortha go sonrach san airteagal seo (féach [larscríbhinn II](#)).

Caibidil 4 – Cur chun feidhme (Airteagail 13-17)

- 52** Luaitear sa togra⁸² gur cheart ‘réimse idirghabhála amháin ar a laghad ó larscríbhinn I’ a shannadh do gach beart. Tá neamhréireacht ann leis an Rialachán atá beartaithe maidir leis an gCiste Eorpach, lena bhforáiltear go sannfaidh na Ballstáit réimse idirghabhála do gach beart ina bpleananna NRP (larscríbhinn V (Teimpléad do phleananna NRP), pointe 7). Liostaítear sa togra sin na ceanglais maidir le pleananna an Chláir Náisiúnta um Athchóiriú a bheidh le measúnú ag an gCoimisiún. Más féidir réimsí idirghabhála iomadúla a shannadh, tá riosca ann go ndéanfar aschuir nó torthaí agus cistiú gaolmhar a shannadh go doiléir.
- 53** Tugtar tuairisc sa togra⁸³ ar cheanglais faireacháin agus tuairiscithe feidhmíochta le haghaidh na dtrí mhodh bainistíochta: comhroinnte, indíreach agus díreach. Tugtar tuairisc níos mionsonraithe ar an bpróiseas faireacháin le haghaidh bainistíocht chomhroinnte i gcomparáid leis an dá mhodh eile agus tá treoracha sonracha ann maidir leis na táscairí aschuir agus torthaí a roghnú. Ní thugtar tuairisc sa togra⁸⁴ ar conas táscairí aschuir agus toraidh a roghnú le haghaidh bainistíocht dhíreach agus indíreach. Dá bhrí sin, ní léir conas a chuirfear an creat feidhmíochta i bhfeidhm sa chleachtas a mhéid a bhaineann leis an dá mhodh bainistíochta sin.
- 54** Déileálann Airteagal 15 den togra le faireachán agus tuairisciú ar fheidhmíocht nuair a chuireann tríú tíortha pleananna chun feidhme. Luaitear sa togra le haghaidh na hlonstraime don Eoraip Dhomhanda (Airteagal 31) go nglacfaidh an Coimisiún rialacha breise cur chun feidhme ‘i ndáil le dearadh agus ábhar na bpleananna feidhmíocht-bhunaithe, na feidhmíochta, na struchtúr agus na gcóras rialaithe atá le bunú mar ullmhúchán don aontachas’. Foráiltear sa chéad abairt d’Airteagal 15(1) den chreat-togra feidhmíochta go n-áiritheoidh an Coimisiún, a mhéid is féidir, go n-úsáidfídh

⁸² Airteagal 14(2).

⁸³ Airteagail 14-17.

⁸⁴ Airteagail 16 agus 17

tríú tíortha na táscairí feidhmíochta a leagtar amach sa togra ina bpleananna. Aithnímid go bhfuil an comhthéacs neamh-AE níos dúshlánaí. Dá bhrí sin, tá baol ann go socrófaí táscairí ilchineálacha nach bhfuil inchomparáide ó thír chomhpháirtíochta amháin go tír chomhpháirtíochta eile mar thoradh ar an tsolúbthacht sin, rud a chuirfeadh bac ar chomhiomlánú na dtorthaí. I ngach pleán de chuid tríú tír, soláthrófar bonnlíne agus luach measta le haghaidh an táscaire toraidh a shanntar do gach beart, chomh maith leis an mbliain a mheastar a bhainfear amach an luach sin, rud nach amhlaidh sa togra (féach [Iarscríbhinn II](#)).

- 55** Airteagal 17(2) – ‘Cur chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach’ – ní thugann sé aghaidh ar ár moltaí maidir le tuarisciú ar ráthaíochtaí buiséadacha⁸⁵. Go háirithe, níl forálacha sa togra maidir le tuarisciú ar infheistíochtaí cothromais lasmuigh den Aontas agus maidir le haistriú sochar ó ráthaíochtaí buiséadacha an Aontais.
- 56** Thairis sin, ní áirítear in Airteagal 17(2) socruithe iniúchóireachta ná cearta CIE, na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise, ná Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh rochtain a fháil ar dhoiciméadacht, cé go mbunaítear iad sin i bhforálacha dlíthiúla eile (Airteagal 263 den Rialachán Airgeadais do CIE agus Airteagal 129 den Rialachán Airgeadais don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus d’Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh). Tá deacrachtaí suntasacha léirithe cheana féin ag an gcleachtas reatha – go háirithe sa ghníomhaíocht sheachtrach – maidir le maoirseacht chuí a áirithiú⁸⁶.
- 57** In [Iarscríbhinn I](#), déanaimid moltaí sonracha do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún lena mbreithniú sula nglacfar an gníomh críochnaitheach.

⁸⁵ Tuarascáil speisialta 07/2025: An Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, moltaí 4 agus 5.

⁸⁶ Tuarascáil bhliantúil 2024, míreanna 8.13, agus 9.14-9.16 agus [tuarascáil bhliantúil 2024 maidir leis na Cistí Eorpacha Forbraíochta](#), míreanna 25 agus 26.

Ghlac an Chúirt Iniúcháirí an Tuairim seo i Lucsamburg ag an gcrúinniú a bhí aici an 12 Feabhra 2026.

Thar ceann na Cúirte Iniúcháirí



Tony Murphy
An tUachtarán

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – Liosta d’fhoilseacháin CIE dá ndéantar tagairt sa tuairim seo

Tuarascálacha bliantúla maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais:
2023 agus 2024 blianta airgeadais

Tuarascáil bhliantúil 2024 maidir leis na Cistí Eorpacha Forbraíochta

Tuarascáil maidir le feidhmíocht bhuiséad an Aontais Eorpaigh – Staid ag deireadh 2021

Tuairim 06/2022 (de bhun Airteagal 322(1), CFAE) i dtaca le togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú).

Tuairim 01/2026 de bhun Airteagal 322(1) i dtaca leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas ('CEI') a bhunú, lena n-áirítear an clár sonrach le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i réimse na cosanta, lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/522, (AE) 2021/694, (AE) 2021/697, (AE) 2021/783, lena n-aisghairtear forálacha de Rialacháin (AE) 2021/696, (AE) 2023/588, agus lena leasaítear Rialachán (AE) [EDIP] (SEC(2025) 555 final; SWD(2025) 555 final; SWD(2025) 556 final)

Tuairim 02/2026 (de bhun Airteagal 322(1) CFAE) i dtaca le togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, do thréimhse 2028-2034 lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/695 [COM(2025) 543 final]

Tuairim 06/2026 (de bhun Airteagal 322(1)(a) CFAE) i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar Shásra Aontais um Chosaint Shibhialta agus tacaíocht ón Aontas d’ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte, lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE (Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta) (COM(2025) 548 final)

Tuairim 07/2026 (de bhun Airteagal 322 (1) CFAE) i dtaca leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Eoraip Dhomhanda a bhunú, [COM(2025) 551 final]

Tuairim 08/2026 (de bhun Airteagal 322(1), CFAE 'i dtaca leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár um an Margadh Aonair agus Custam le haghaidh thréimhse 2028-2034, lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/444, (AE) 2021/690, (AE) 2021/785, (AE) 2021/847 agus (AE) 2021/1077 (COM(2025) 590 final'

Tuairim 09/2026 (de bhun Airteagal 322(1). CFAE) maidir le togra 2025/0240 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 (COM(2025) 565 final/2).

Athbhreithniú 04/2024: Tuarascáil bhliantúil an Choimisiúin ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht Bhuiséad AE 2023

Athbhreithniú 02/2025: Béim ar fheidhmíocht, cuntasacht agus trédhearcacht – Ceachtanna le foghlaim ó laigí RRF

Athbhreithniú 03/2025: Deiseanna don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2027

Athbhreithniú 04/2025: Todhchaí bheartas comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh – Ag tarraingt ar na ceachtanna a foghlaimíodh san am a chuaigh thart

Tuarascáil speisialta 14/2021: 'Comhar Interreg – Níor baineadh leas iomlán fós as acmhainneacht réigiúin trasteorann an Aontais Eorpaigh'

Tuarascáil speisialta 24/2021: 'Maoiniú atá bunaithe ar fheidhmíocht sa Bheartas Comhtháthaithe – Uaillmhianta fiúntacha, ach bhí bacainní ann go fóill i dtréimhse 2014-2020'

Tuarascáil speisialta 09/2022: 'An caiteachas aeráide i mbuiséad AE 2014-2020 – níl sé chomh hard agus a thuairiscítear'

Tuarascáil speisialta 14/2023: 'An clársceidealú don Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda – Cláir chuimsitheacha ach go bhfuil easnaimh sna modhanna chun cistí a leithdháileadh agus san fhaireachán ar an tionchar'.

Tuarascáil speisialta 26/2023: Creat faireacháin feidhmíochta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta – Dul chun cinn sa chur chun feidhme á thomhas, ach ní leor é chun léargas a thabhairt ar an bhfeidhmíocht

Tuarascáil speisialta 04/2024: ‘Cuspóirí sábháilteachta bóthair an Aontais a bhaint amach – Tá sé in am dlús a chur leis an dícheall’.

Tuarascáil speisialta 14/2024: ‘An tAistriú Glas – Doiléire faoin rannchuidiú ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta’

Tuarascáil speisialta 17/2024: Ciste Iontaobhais an Aontais Eorpaigh don Afraic – D’ainneoin cineálacha nua cur chuige, níl an tacaíocht fócasaithe go fóill

Tuarascáil speisialta 26/2024: ‘Náisiúnaigh tríú tír a lánpháirtiú san Aontas Eorpach – Tacaíocht ábhartha ón gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, ach níorbh fhéidir a thionchar a léiriú fós’.

Tuarascáil speisialta 05/2025: ‘Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip – Solúbthacht mhéadaithe ach tá bac ar mheasúnú ar éifeachtacht amach anseo mar gheall ar shonraí neamhleora’.

Tuarascáil speisialta 07/2025: An Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha – Rannchuidigh sé go suntasach chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna infheistíochta, ach ní raibh an sprioc de €500 billiún san fhíorgheilleagar sroichte go hiomlán aige faoi dheireadh 2022

Tuarascáil speisialta 16/2025: ‘Cistiú ón Aontas a théann i ngleic le dóiteáin foraoise – Méadú ar bhearta coiscitheacha, ach níl dóthain fianaise faoi thorthaí agus a n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach ann’.

Tuarascáil speisialta 20/2025: ‘Tacaíocht ón gCoimisiún chun an t-ocras a chomhrac san Afraic Fho-Shahárach – Moladh ag dul don obair, ach béim neamhleor ar an inbhuanaitheacht agus an tionchar’.

Tuarascáil speisialta 25/2025: Tionscadail straitéiseacha LIFE – An bhearna idir straitéis agus cur chun feidhme a dhúnadh, ach níl an tionchar go hiomlán soiléir

Iarscríbhinn II – Athruithe molta mar aon le barúlacha

Tábla 1 | Athruithe molta mar aon le barúlacha

Téacs an togra	Athrú molta	Barúlacha
Airteagal 2 – Sainmhínithe ‘(1) ciallaíonn ‘oibríocht’ aon cheann díobh seo a leanas: (a) tionscadal, gníomhaíocht nó grúpa tionscadal nó gníomhaíochtaí lena gcuirtear gníomhaíocht amháin nó níos mó chun feidhme;’		Sa sainmhíniú ar ‘oibríocht’ sa Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach atá beartaithe, áirítear tagairt do ‘conarthaí’ (ciallaíonn ‘oibríocht’: (a) tionscadal, conradh, gníomhaíocht nó grúpa tionscadal nó grúpa gníomhaíochtaí a roghnaítear i gcomhthéacs beart a chur chun feidhme sa Phlean’), ach ní hamhlaidh atá i gcás an chinn atá sa togra maidir leis an gcreat feidhmíochta. Molaimid go ndéanfaí an sainmhíniú ar ‘oibríocht’ i bpacáiste nua tograí CAI a chomhchuibhiú. Féach mír 37.
Airteagal 2 – Sainmhínithe ‘(1) ciallaíonn ‘oibríocht’ aon cheann díobh seo a leanas: [...] (b) i gcomhthéacs ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha, méid an mhaoinithe in-aisíochta a sholáthraítear d’<i>fhaighteoirí</i> deiridh agus a fhaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais;’		Úsáidtear an téarma ‘faighteoirí’ roinnt uaireanta sa togra ach ní shainmhínítear an téarma sin. Molaimid go n-áireofaí sainmhíniú in Airteagal 2, nó go ndéanfaí tagairt do shainmhíniú i reachtaíocht ábhartha eile. Féach mír 38.

Téacs an togra	Athrú molta	Barúlacha
Airteagal 2 – Sainmhínithe ‘(3) ciallaíonn ‘beart’ athchóiriú, infheistíocht nó aon idirghabháil eile a áirítear i bpleananna arna dtarraingt ag na Ballstáit nó ag tríú tíortha, a bhféadfadh gníomhaíocht amháin nó níos mó a bheith i gceist leo;’		Sonraítear sa togra go bhféadfaidh gníomhaíocht amháin nó níos mó a bheith i mbeart, rud nach amhlaidh i gcás an Rialacháin maidir leis an gCiste Eorpach atá beartaithe. (i gcás ina gciallaíonn ‘beart’ athchóiriú, infheistíocht nó idirghabháil eile ar an leibhéal náisiúnta nó fonáisiúnta dá dtugtar tacaíocht faoi phlean NRP nó faoi Phlean Interreg). Molaimid go ndéanfaí an sainmhíniú ar ‘beart’ a chomhchuiibhiú leis an Rialachán atá beartaithe maidir leis an gCiste Eorpach. Féach míreanna 37 agus 52.
Airteagal 2 – Sainmhínithe		Úsáidtear an téarma ‘tairbhí’ in Airteagal 18 sa togra. Molaimid go gcuirfí isteach sainmhíniú ar ‘tairbhí’, nó go ndéanfaí tagairt do reachtaíocht ina sainmhínítear an téarma sin. Féach mír 38.
Airteagal 4 – An aeráid agus an bithéagsúlacht ‘1. Déanfar faireachán ar an ranníocaíocht ón mbuiséad leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht trí bhíthin an chreata rianaithe caiteachais buiséid agus feidhmíochta a leagtar síos in Airteagal 8, lena n-áirítear trí bhíthin chomhéifeachtaí an Aontais.’	Airteagal 4 – <u>Gníomhú</u> ar son na haeráide agus <u>bithéagsúlacht cuspóirí comhshaoil</u> ‘1. Déanfar faireachán ar an ranníocaíocht ón mbuiséad leis an <u>gníomhaíocht</u> aeráide agus le <u>bithéagsúlacht</u> leis na <u>cuspóirí comhshaoil</u> trí bhíthin an chreata rianaithe caiteachais buiséid agus feidhmíochta a leagtar síos in Airteagal 8, lena n-áirítear trí bhíthin chomhéifeachtaí an Aontais.’	Molaimid go ndéanfaí an téacs a leasú chun tosaíocht níos ísle na bithéagsúlachta a léiriú ar bhealach níos cruinne, ar tosaíocht í nach bhfuil sprioc chaiteachais ann ina leith a thuilleadh, agus nach bhfuil aon chomhéifeacht in larscríbhinn I ina leith. Féach mír 41.

Téacs an togra	Athrú molta	Barúlacha
Airteagal 5 – ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ do chuspóirí comhshaoil ‘1. Éascófar cur i bhfeidhm sruthlínithe an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointe (d), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, le treoraíocht aonair shimplí (‘gan dochar suntasach a dhéanamh’).’	Airteagal 5 – ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ do chuspóirí comhshaoil ‘1. Éascófar cur i bhfeidhm sruthlínithe an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointe (d), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, le treoraíocht aonair shimplí (‘gan dochar suntasach a dhéanamh’).’ <u>Ba cheart don Choimisiún an treoraíocht theicniúil sin a chur ar fáil faoin 1 Eanáir 2027.’</u>	Luaitear an spriocdháta don treoraíocht maidir leis an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ in aithris 5 ach ní luaitear é san airteagal féin. Molaimid an fhaisnéis sin a áireamh san alt. Féach mír 43.
Airteagal 7 – Comhionannas inscne ‘3. Cuirfidh an Coimisiún treoraíocht theicniúil ar fáil maidir leis an modheolaíocht dá dtagraítear i mír 2 chun na catagóirí agus na scóir chomhfhreagracha maidir le comhionannas inscne a chinneadh, arb é is aidhm di comhsheasmhacht a áirithiú ar fud na gclár uile.’	Airteagal 7 – Comhionannas inscne ‘3. Cuirfidh an Coimisiún treoraíocht theicniúil faoi <u>II/mm/bbbb</u> ar fáil maidir leis an modheolaíocht dá dtagraítear i mír 2 chun na catagóirí agus na scóir chomhfhreagracha maidir le comhionannas inscne a chinneadh, arb é is aidhm di comhsheasmhacht a áirithiú ar fud na gclár uile.’	Molaimid spriocdháta a chur leis an treoraíocht theicniúil i bhfianaise a thábhachtaí atá sí chun cláir a dhearadh. Féach mír 44.

Téacs an togra	Athrú molta	Barúlacha
Airteagal 8 – Creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta an bhuiséid Iarscríbhinn I – Réimsí agus táscairí idirghabhála		Molaimid gur cheart táscaire atá imdhealaithe de réir inscne i réimse idirghabhála amháin a imdhealú freisin de réir inscne i ngach réimse idirghabhála eile dá bhfuil sé sannta. Féach mír 45. I bhfianaise a thábhachtaí atá táscairí toraidh chun feidhmíocht a thomhas, molaimid laghdú suntasach a dhéanamh ar sciar na réimsí idirghabhála nach bhfuil táscairí toraidh den sórt sin acu. Féach míreanna 13 48 agus 49. Ba cheart don Choimisiún a sheiceáil an gcumhdaítear gníomhaíocht sheachtrach leis na táscairí in Iarscríbhinn I. Féach mír 47.
Airteagal 9 – Faireachán agus tuairisciú ar fheidhmíocht an bhuiséid ‘1. [...] Baileofar sonraí ar dhóigh atá éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil. Chuige sin, déanfar ceanglais chomhréireacha tuairiscithe ar fhaighteoirí cistithe ón Aontas a fhorchur. Baileofar sonraí go rialta agus stórálfar go leictreonach iad.’		Ní áirítear sa togra bearta sonracha chun cáilíocht sonraí na faisnéise feidhmíochta a áirithiú. Tá an baol ann go ndéanfaidh an easpa creat soiléir rialaithe agus cuntasachta difear do thuairisciú ar fheidhmíocht amach anseo. Molaimid go gcuirfí isteach ceanglais shoiléire chun cáilíocht, iontaofacht agus inchomparáideacht na faisnéise feidhmíochta a áirithiú, nó go gcuirfí na ceanglais sin sna tograí le haghaidh cláir shonracha. Féach míreanna 28, 29 agus 31-33.

Téacs an togra	Athrú molta	Barúlacha
Airteagal 9 – Faireachán agus tuairisciú ar fheidhmíocht an bhuiséid ‘2. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas gach bliain maidir le leibhéal chur chun feidhme na gclár agus na ngníomhaíochtaí [...]’		I gcás an CAI reatha, eisíonn an Coimisiún a thuarascáil bhliantúil ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht do bhliain ar leith faoin 30 Meitheamh den bhliain dár gcionn. Ní thugann sé sin dóthain ama dúinn é a scrúdú go leormhaith roimh ár dtuarascáil bhliantúil. Féach mír 35.
Airteagal 10 – Meastóireachtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún ‘2. Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil cur chun feidhme do gach clár nó gníomhaíocht tráth nach déanaí ná ceithre bliana tar éis thús a chur lena chur chun feidhme.’	Airteagal 10 – Meastóireachtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún ‘2. Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil cur chun feidhme do gach clár nó gníomhaíocht tráth nach déanaí ná ceithre bliana tar éis thús a chur lena chur chun feidhme.’ <u>Áireofar sna tuarascálacha sin measúnú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cuspóirí a bhaint amach bunaithe ar fhianaise chainníochtúil agus cháilíochtúil ar fheidhmíocht, agus ar thograí le haghaidh athruithe, i gcás inarb iomchuí.</u>	Molaimid go sonrófaí íoscheanglais do na tuarascálacha cur chun feidhme sin. Féach mír 08.

Téacs an togra	Athrú molta	Barúlacha
Airteagal 12 – Trédhearcacht – Tairseach Aonair ‘2. Maidir leis an bhfeidhm dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo, beidh faisnéis sa Tairseach Aonair, de réir mar is iomchuí, maidir leis na heilimintí seo a leanas: (a) faisnéis faoi na gníomhaíochtaí arna maoiniú ag an mbuiséad, lena n-áirítear an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme agus feidhmíocht airgeadais, a mhiondealaítear de réir cláir agus de réir caibidle i bplean ag Ballstát i gcás inarb ábhartha; [...] Tabharfar an Tairseach Aonair cothrom le dáta go rialta.’	Airteagal 12 – Trédhearcacht – Tairseach Aonair ‘2. Maidir leis an bhfeidhm dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo, beidh faisnéis sa Tairseach Aonair, de réir mar is iomchuí, maidir leis na heilimintí seo a leanas: (a) faisnéis faoi na gníomhaíochtaí arna maoiniú ag an mbuiséad, lena n-áirítear an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme agus feidhmíocht airgeadais, a mhiondealaítear de réir cláir; <u>agus de réir caibidle i bplean ag Ballstát i gcás inarb ábhartha.</u>’	Molaimid go ndéanfaidh an Tairseach Aonair taifead freisin ar an dul chun cinn atá déanta ag tríú tíortha maidir leis an mbuiséad a chur chun feidhme i gcás inarb ábhartha. Féach mír 51. Ba cheart mionsonraí a shonrú freisin maidir le conas tráthúlacht, iontaofacht agus cáilíocht na sonraí feidhmíochta a áirítear sa Tairseach Aonair a áirithiú. Féach míreanna 31-33.
Caibidil 4 – Cur chun feidhme Airteagail 13-17		Ní shonraítear in Airteagail ina ndéileáiltear le cur chun feidhme an chreata feidhmíochta na socruithe chun cáilíocht na faisnéise feidhmíochta a áirithiú. Molaimid go n-áireofaí sa togra ceanglais shonracha chun cáilíocht na faisnéise feidhmíochta a áirithiú, nó go ndéanfaí tagairt don reachtaíocht eárnála ina bhfuil na ceanglais sin, ionas gur féidir measúnú cruinn a dhéanamh ar fheidhmíocht. Féach míreanna 28, 29 agus 31-33.

Téacs an togra	Athrú molta	Barúlacha
Airteagal 14 – Cur chun feidhme trí phleananna ag na Ballstáit – faireachán agus tuairisciú ar fheidhmíocht ‘1. Beidh córas faireacháin agus tuairiscithe i bhfeidhm ag gach Ballstát ionas gur féidir faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar tharchur uathoibrithe faisnéise bunaithe ar na gnéithe ábhartha den chreat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 8(1). Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis sin ar fáil don Choimisiún ar bhealach idir-inoibritheach tríd an gcóras um malartú sonraí leictreonacha idir na Ballstáit agus an Coimisiún dá dtagraítear in Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Rialachán.../... [Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí – SFC 2028].’		Féach ár mbarúil maidir le hAirteagal 9 thuas, agus míreanna 28, 29 agus 31-33.
Airteagal 14 – Cur chun feidhme trí phleananna ag na Ballstáit – faireachán agus tuairisciú ar fheidhmíocht ‘2. Áireofar i ngach plean a thíolacfaidh Ballstát, agus in aon leasú air, i gcás gach birt, sannadh beartaithe réimse idirghabhála amháin ar a laghad ó Iarscríbhinn I agus, i gcás gach réimse idirghabhála a shanntar don bheart sin, na táscairí feidhmíochta seo a leanas de réir mar is iomchuí, a bheidh faoi réir chomhaontú an Choimisiúin.’		Ba cheart an tagairt sa togra do ‘réimse idirghabhála amháin ar a laghad’ a chomhchuíbhiú le ceanglas an Rialacháin maidir leis an gCiste Eorpach atá beartaithe, ina dtagraítear do réimse idirghabhála, féach mír 52.

Téacs an togra	Athrú molta	Barúlacha
Airteagal 15 – Cur chun feidhme trí phleananna ó thríú tíortha – faireachán agus tuairisciú ar fheidhmíocht ‘1. Maidir le gach beart a dhéanann tríú tíortha ar phlean, sannfaidh an Coimisiún réimse idirghabhála amháin ar a laghad ó larscríbhinn I agus, a mhéid is féidir, áiritheoidh sé go n-úsáidfídh tríú tíortha na táscairí feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 8(1), an chéad fhomhír, pointe (c) ina bpleananna.’	Airteagal 15 – Cur chun feidhme trí phleananna ó thríú tíortha – faireachán agus tuairisciú ar fheidhmíocht ‘1. Maidir le gach beart a dhéanann tríú tíortha ar phlean, sannfaidh an Coimisiún réimse idirghabhála amháin ar a laghad ó larscríbhinn I agus, a mhéid is féidir, áiritheoidh sé go n-úsáidfídh tríú tíortha na táscairí feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 8(1), an chéad fhomhír, pointe (c) ina bpleananna. <u>Soláthrófar i ngach plean an bhonnlíne agus luach measta le haghaidh an táscaire toraidh a shanntar do gach beart i gcomhréir le hAirteagal 14(2), lena n-áirítear an bhliain a mheastar a bhainfear amach an luach sin.’</u>	Molaimid, chun comparáid níos fearr a dhéanamh idir an dul chun cinn idir tríú tíortha maidir le coinníollacha an mhéadaithe a chomhlíonadh, go neartófaí an ceanglas maidir leis na táscairí feidhmíochta socraithe a úsáid. Féach mír 54.
Airteagal 16 – Cur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach ‘3. Beidh na ceanglais tuairiscithe a fhorchuirtear ar fhaighteoirí cistí ón Aontas comhréireach agus beidh sé mar aidhm leo a áirithiú go mbaileofar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar thorthaí ar dhóigh atá éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil.’		Ba cheart an togra a leathnú chun ceanglais shoiléire chomhréireacha a chur san áireamh don Choimisiún chun cáilíocht na faisnéise feidhmíochta a áirithiú. Féach ár mbarúil maidir le hAirteagal 9 thuas, agus míreanna 28, 29 agus 31-33.

Téacs an togra	Athrú molta	Barúlacha
Airteagal 17 – Cur chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach ‘2. I gcomhaontuithe shínítear idir an Coimisiún agus daoine nó eintitis a chuireann cistí ón Aontas agus ráthaíochtaí buiséadacha chun feidhme de bhun Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, beidh forálacha iomchuí maidir leis an méid seo a leanas: [...]	-	Ba cheart an togra a leathnú chun na gnéithe seo a leanas a chur san áireamh. - I gcás cláir de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo lena ráthófar infheistíochtaí cothromais, ba cheart don Choimisiún agus do na comhpháirtithe cur chun feidhme liosta na dtíortha, agus an méid comhiomlánaithe a sholáthraítear d’fhaighteoirí deiridh atá lonnaithe lasmuigh den Aontas, a thuairisciú. - Ba cheart don Choimisiún foráil a dhéanamh maidir le bailiú sonraí inchainníochtaithe, rud a d’fhágfadh go bhféadfaí meastóireacht a dhéanamh ar scála agus ar chineál na sochar a aistrítear faoi tháirgí fiachais ag idirghabhálaithe chuig faighteoirí deiridh ráthaíochtaí buiséadacha an Aontais. Féach mír 55.

Téacs an togra	Athrú molta	Barúlacha
Airteagal 17 – Cur chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach ‘3. Beidh na ceanglais tuairiscithe a fhorchuirtear ar fhaighteoirí cistí ón Aontas [...] comhréireach agus beidh sé mar aidhm leo a áirithiú go mbaileofar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar thorthaí ar dhóigh atá éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil.’		Ba cheart an togra a leathnú chun ceanglais shoiléire chomhréireacha a chur san áireamh do na comhpháirtithe cur chun feidhme chun cáilíocht na faisnéise feidhmíochta a áirithiú. Féach ár mbarúil thuas maidir le hAirteagal 9, agus míreanna 28, 29 agus 31-33. Aithnímid, faoin mbainistíocht indíreach, nach mór forálacha a chaibidliú chun tacair táscairí feidhmíochta a chomhaontaítear go comhchoiteann a bhunú, lena n-áirítear bonnlínte agus spriocanna.

Foinse: CIE, bunaithe ar an togra

Giorrúcháin

Giorrúchán	Sainmhíniú/Míniú
CAI	Creat Airgeadais Ilbhliantúil
CFAE	An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
NDICI-An Eoraip Dhomhanda	An Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda
Plean NRP	Plean comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí
RRF	Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

Gluais

Téarma	Sainmhíniú/Míniú
An Bord um Ghrinnschrúdú Rialála	Comhlacht neamhspleách laistigh den Choimisiún a dhéanann measúnú ar cháilíocht na measúnuithe tionchair agus na mórmheastóireachtaí uile.
An Ciste Eorpach um Iomaíochas	Ciste beartaithe de chuid an Aontais ina bhfuil clár sonrach le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta i réimse na cosanta.
An Eoraip Dhomhanda	An straitéis gníomhaíochta seachtraí atá beartaithe ag an Aontas do 2028-2034.
An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise	Comhlacht de chuid an Choimisiúin a dhéanann imscrúduithe riaracháin ar chalaois, éilliú agus neamhrialtachtaí a dhéanann difear do bhuiséad an Aontais.
An Rialachán Airgeadais	Príomhshraith rialacha a rialaíonn cén chaoi a leagtar amach agus a n-úsáidtear buiséad AE, chomh maith leis na próisis ghaolmhara amhail rialú inmheánach, tuairisciú, iniúchóireacht agus urscaoileadh.
An Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach	Tá sé beartaithe teacht i gcomharbas ar Rialachán na bhForálacha Coiteanna do thréimhse 2028-2034, ina leagtar amach rialacha comhchoiteanna le haghaidh go leor cistí ón Aontas lena mbaineann leithdháilte náisiúnta ó bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear na ceithre chiste beartais chomhtháthaithe.
An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF)	Sásra tacaíochta airgeadais an Aontais chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim COVID-19 a mhaolú agus téarnamh a spreagadh, agus chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le todhchaí níos glaise agus níos digití.
Bainistíocht chomhroinnte	Modh chun buiséad an Aontais a chaitheamh ina dtarmilgeann an Coimisiún chuig an mBallstát, murab ionann agus an bhainistíocht dhíreach, agus ina gcoinníonn sé an fhreagracht deiridh ag an am céanna.
Bainistíocht dhíreach	Bainistíocht ar chiste nó clár an Aontais ag an gCoimisiún amháin, murab ionann agus an bhainistíocht chomhroinnte nó an bhainistíocht dhíreach.
Bainistíocht fhónta airgeadais	Bainistíocht ar acmhainní de réir phrionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta.
Bainistíocht indíreach	Modh chun buiséad an Aontais a chur chun feidhme trína ndéanann an Coimisiún cúraimí cur chun feidhme a chur ar iontaoibh eintiteas eile (amhail tíortha nach bhfuil san Aontas agus eagraíochtaí idirnáisiúnta).
Clár	An bealach a ndéantar cuspóirí beartais sonracha atá ag an Aontas a thabhairt i gcrích, go hiondúil trí thionscadail chómhaoinithe.

Téarma	Sainmhíniú/Míniú
Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI)	Plean caiteachais an Aontais trína ndéantar tosaíochtaí (bunaithe ar chuspóirí beartais) agus uasteorainneacha a shocrú, agus a mhaireann seacht mbliana de ghnáth. Sin é an struchtúr faoina ndéantar buiséid bhliantúla an Aontais a leagan síos, agus cruthaíonn sé teorainn ar an gcaiteachas i ngach catagóir chaiteachais.
Gníomhaíocht sheachtrach	Gníomhaíocht an Aontais a thugann cúnamh do thíortha lasmuigh den Aontas, agus a fhorbraíonn an caidreamh leo, lena n-áirítear trí bhíthin comhaontuithe iltaobhacha, agus a dhéanann amhlaidh i gcás eagraíochtaí réigiúnacha nó domhanda.
InvestEU	Sásra chun infheistíocht phríobháideach a shlógadh i dtionscadail a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo don Aontas. Tháinig sé i gcomharbas ar an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha in 2021.
Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh	Comhlacht neamhspleách de chuid an Aontais atá freagrach as coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh.
Rialachán Feidhmíochta	Rialachán atá beartaithe lena mbunaítear creat rianaithe agus feidhmíochta caiteachais buiséid agus rialacha ginearálta eile le haghaidh chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais.

CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2026

Is i [gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa](#) maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE).

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi [Cheadúnas Admhála Idirnáisiúnta Creative Commons 4.0 \(CC BY 4.0\)](#). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine atá ag baint athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann na Cúirte Iniúchóirí, nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, cuirfidh sé an cead ginearálta thuasluaite ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus beidh sé ráite go soiléir sa chead nua má tá aon srianta eile ann maidir le húsáid.

D'fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

Pictiúr clúdaigh – © butenkow / stock.adobe.com.

Leathanach cumhdaigh an deilbhín – rinneadh é a dhearadh ag úsáid acmhainní ó [Flaticon.com](#). © Freepik Company S.L. Gach ceart ar cosaint.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádhmharcanna, dearáí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte Iniúchóirí.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais phríobháideachais agus chóipchirt a léamh go cúramach.

Úsáid lógó CIE

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.

HTML	ISBN 978-92-849-6739-1	ISSN 2812-2879	doi:10.2865/2870856	QJ-01-26-006-GA-Q
PDF	ISBN 978-92-849-6740-7	ISSN 2812-2879	doi:10.2865/4737761	QJ-01-26-006-GA-N

MODH TAGARTHA

Cúirt Iniúcháirí na hEorpa, [tuairim 10/2026](#) 'i dtaca leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta an bhuiséid agus rialacha cothrománacha eile do chláir agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais', Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2026.

An tuairim seo, arna heisiúint de bhun Airteagal 322(1) **CFAE**, lena foráiltear go rachfar i gcomhairle le Cúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le tograí a bhaineann le rialacha agus ionstraimí airgeadais an Aontais. Baineann sé le rialachán nua atá beartaithe lena mbunaítear creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta an bhuiséid agus rialacha eile cothrománacha do chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontas a thíolaic an Coimisiún Eorpach an 16 Iúil 2025.

Is é is cuspóir don tuairim seo ná barúlacha a chur ar fáil maidir le dearadh an chreata beartaithe agus a impleachtaí [a d'fhéadfadh a bheith] maidir le caiteachas an Aontais a rianú agus maidir le hiontachtacht faisnéise feidhmíochta.

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUCSAMBURG

Teil. +352 4398-1

Fiosrúcháin: eca.europa.eu/ga/contact
Suíomh Gréasáin: eca.europa.eu
na Meáin shóisialta: @EUauditors



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh